



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL  
AGUS CUNTAIS 2002



**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2002**


Don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. De réir Ailt 18 agus 19 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, tá an tuarascáil agus ráitis airgeadais don bhliain 2002 á dtíolacadh ag Údarás na Gaeltachta.

**ANNUAL REPORT 2002**

To the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs. In accordance with Sections 18 and 19 of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, the report and financial statements for the year 2002 are being presented by Údarás na Gaeltachta.

**AN CLÁR/CONTENTS**

An tÚdarás/The Authority .....	3
Réamhrá/Introduction .....	7
Eacnamaíocht/Economy .....	17
Forbairtí ar Earnálacha Straitéiseacha: Acmhainní Daonna Strategic Sectoral Developments: Human Resources .....	21
Forbairtí ar Earnálacha Straitéiseacha: Muirshaothrú Strategic Sectoral Developments: Mariculture .....	23
Forbairtí ar Earnálacha Straitéiseacha: Turasóireacht Strategic Sectoral Developments: Tourism .....	25
Forbairtí ar Earnálacha Straitéiseacha: An Earnáil Chlosamhairc/ Teicneolaíocht Nua Strategic Sectoral Developments: Audio-visual/New Technology .....	29
Pobal agus Cultúr/Community and Culture .....	33
Gníomhaíochtaí Eorpacha/European Activities .....	37
Eagrúchán agus Seirbhísí/Organisation and Services .....	39
Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2002/Annual Financial Statements 2002 .....	43





**AN tÚDARÁS**  

---

**THE AUTHORITY**

## Bord an Údaráis

**Cathaoirleach:** \*Liam Ó Cuinneagáin

**Comhaltaí an Údaráis dála ag 31 December 2002:**

**Members of an tÚdarás as at 31 Nollaig 2002:**

Ian Mac Aindriú  
Daithí Alcorn  
Seán Ó Baoill  
Pádraic Ó Biadha  
Fiachra Ó Céilleachair  
\*Seán Ó Créabháin  
Seosamh Ó Cuaig  
Tadhg Ó Cuinn  
Pádraig Ó Dochartaigh  
Brian Ó Domhnaill  
Connie Ní Fhátharta  
Pól Ó Foighil  
Breandán Mac Gearailt  
Séamus Mac Gearailt  
\*Cathy Ní Ghoill  
Seán Ó Neachtain  
Micheál Ó Scanaill  
Cathal S. Seoighe  
Seán Ó Tuairisg

\* Ceaptha ag an Aire

\* *Appointed by the Minister*

## Coistí Réigiúnacha

Tá *Coistí Réigiúnacha* ag feidhmiú i limistéar Ghaeltacht Dhún na nGall, i limistéar Ghaeltachtaí Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus na Mí, agus i limistéar Ghaeltachtaí na Mumhan. Is féidir leis na Coistí sin cinntí a dhéanamh i gcás tograí a bhfuil suas le €317,435 i gcúnamh carnach deontais i gceist iontu. Is iad na comhaltaí tofa sna limistéir sin faoi seach atá ina gcomhaltaí de na Coistí sin, agus tá cead páirteachais ag na comhaltaí atá ceaptha ag an Aire freisin ina limistéar féin. Bhí tuairim is 10 gcruinniú ag gach coiste ar leith i rith na bliana 2002.

## Fochoistí de chuid an Údaráis

Tá gach comhalta den Údarás páirteach in obair dá chuid Coistí agus Fochoistí.

### Munster Region

Fiachra Ó Céilleachair  
Breandán Mac Gearailt  
Séamus Mac Gearailt  
Micheál Ó Scanaill

### Réigiún na Mumhan

Fiachra Ó Céilleachair  
Breandán Mac Gearailt  
Séamus Mac Gearailt  
Micheál Ó Scanaill

### Connacht/Leinster Region

Ian Mac Aindriú  
Pádraic Ó Biadha  
Seán Ó Créabháin  
Seosamh Ó Cuaig  
Tadhg Ó Cuinn  
Connie Ní Fhátharta  
Pól Ó Foighil  
Cathy Ní Ghoill  
Seán Ó Neachtain  
Cathal S. Seoighe  
Seán Ó Tuairisg

### Réigiún Chonnacht/Laighean

Ian Mac Aindriú  
Pádraic Ó Biadha  
Seán Ó Créabháin  
Seosamh Ó Cuaig  
Tadhg Ó Cuinn  
Connie Ní Fhátharta  
Pól Ó Foighil  
Cathy Ní Ghoill  
Seán Ó Neachtain  
Cathal S. Seoighe  
Seán Ó Tuairisg

### Donegal Region

Daithí Alcorn  
Seán Ó Baoill  
Liam Ó Cuinneagáin  
Pádraig Ó Dochartaigh  
Brian Ó Domhnaill

### Réigiún an Tuaiscirt

Daithí Alcorn  
Seán Ó Baoill  
Liam Ó Cuinneagáin  
Pádraig Ó Dochartaigh  
Brian Ó Domhnaill



### Coiste Meastóireachta

Tá Coiste Meastóireachta reachtúil ann, freisin, a dhéanann tograí móra áirithe a mheas agus a dhéanann moltaí don Údarás ina leith. Tá Cathaoirleach an Údaráis, triúr comhalta tofa agus an Príomh-Fheidhmeannach ina gcomhaltaí den Choiste sin, chomh maith le hionadaí ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ón nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) agus ó Fhiontraíocht Éireann. Tionóladh trí chruinniú den choiste seo i rith na bliana 2002.

### Coiste Iniúchta

Tá Coiste Iniúchta ag an Údarás freisin, de réir mar atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialú comhlachtaí Stáit. Ar an gCoiste sin bhí an Cathaoirleach, comhalta amháin ó gach ceann de thrí réigiún an Údaráis agus an Príomh-Fheidhmeannach. Déanann an Coiste seo iniúchadh ar ráitis airgeadais, ar thuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach agus ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar ghnóthaí eile a bhaineann le riaradh na heagraíochta agus a chuid fochuideachtaí.

### Fochoistí Speisialta

Bhí roinnt fochoistí eile ag an Údarás le blianta beaga anuas. Bhí comhaltas ag an gCathaoirleach, idir naonúr agus ceithre chomhalta déag de Bhord an Údaráis, agus beirt d'fhoireann an Údaráis i ngach ceann de thrí cinn d'fhochoistí sa bhliain 2002. Rinne na fochoistí sin scagadh agus plé ar ghnéithe éagsúla de pholasaithe agus d'fheidhmeanna an Údaráis, go háirithe cultúr agus teanga, bonneagar agus cúrsaí teileachumarsáide, comharchumainn agus forbairt pobail, agus polasaí do na hoileáin.

### Evaluation Committee

This is a statutory committee which evaluates large scale projects and makes recommendations to the Board. Membership comprises the Chairman, three elected board members and the Chief Executive as well as representatives from the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, IDA (Ireland) and Enterprise Ireland. This committee met three times during 2002.

### Audit Committee

In accordance with the Code of Practice for the governance of State Bodies, Udarás na Gaeltachta has an Audit Committee. This comprises the Chairman, one board member from each of the Regional Committees and the Chief Executive. This committee examines financial statements, reports from the Internal Auditor and from the Comptroller and Auditor General and other work carried out in relation to the organisation and its subsidiary companies.

### Special Sub-Committees

Each of three special sub-committees comprised the Chairman, between 9 and 14 board members, and two management representatives. These special sub-committees carried out critical examination of particular policy activities, such as language and culture, infrastructure and telecommunications, co-operatives, community development and the islands.





---

**RÉAMHRÁ**  
**INTRODUCTION**

## An Ghaeltacht

Is éard atá sa Ghaeltacht, codanna fairsinge de chontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí – iad sin ar fad, geall leis, ar imeallbhord an Iarthair – agus codanna freisin de chontaetha Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge.


Beagán le cois 90,000 atá mar dhaonra sa Ghaeltacht de réir daonáirimh 2002 agus as an 28,500 de lucht saothair iomlán atá ann, tá 7,571 fostaithe go lánaimseartha agus os cionn 4,000 go páirtaimseartha i dtionscail a fuair tacaíocht ón Údarás – tionscail ilchineálacha ar nós teicstíil, innealtóireacht, leictreonaic, uisce-shaohtrú, acmhainní nádúrtha, gníomhaíochtaí closamhairc, turasóireacht chultúrtha agus cumarsáid. I measc na ngníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha eile laistigh den Ghaeltacht tá feirmeoireacht, iascaireacht agus turasóireacht.

## Údarás na Gaeltachta

Tá stádas uathúil ag Údarás na Gaeltachta i measc gníomhaireachtaí forbartha stáit mar gurb é an t-aon eagras forbartha stáit é a dtoghtar formhór chomhaltai a bhoird go daonlathach. Tá an tÚdarás leathnaithe seo an-íonadaíoch de na ceantair éagsúla Ghaeltachta agus tá struchtúr reachtúil na gcoistí réigiúnacha i ndiaidh próiseas cinnteoireachta a chothú go háitiúil laistigh de na pobail Ghaeltachta.

Tá sé mar chúram ar Údarás na Gaeltachta geilleagar na Gaeltachta a fhorbairt chomh maith le caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail a spreagadh. Chun an cuspóir seo a bhaint amach cothaíonn an tÚdarás scéimeanna táirgiúla fostaíochta trí acmhainní nádúrtha áitiúla, scileanna agus cumas gnó-eagraithe a fhorbairt agus trí infheistíocht soghluaiste i raon leathan fiontar tionsclaíoch a mhealladh chun na Gaeltachta.

Cothaíonn an tÚdarás forbairt phobail freisin, agus tacaíonn sé le réimse leathan de gníomhaíochtaí teanga agus cultúir a mbíonn grúpaí pobail agus tionscail ar fud na Gaeltachta páirteach iontu.



## The Gaeltacht

The Gaeltacht covers extensive parts of counties Donegal, Mayo, Galway and Kerry - all on the western seaboard - and also parts of counties Cork, Meath and Waterford. Although all of the Gaeltacht population speak English, these are the only parts of Ireland where Irish is still spoken as a community language.

The maintenance and development of the Gaeltacht as an Irish-speaking community has been regarded by successive Governments since the foundation of the State as of the utmost importance. Not only does the Gaeltacht present an opportunity and a challenge to maintain naturally the continuity of Irish as a community language, but it also provides the ideal environment for people who wish to become proficient in Irish. These areas form an important cornerstone in the building of a bilingual society in Ireland and provide an environment where the language can evolve naturally in a modern setting.

The population of the Gaeltacht is a little in excess of 90,000 according to the

2002 Census of Population and the total labour force is 28,500. There are 7,571 people employed full-time and a further 4,000 part-time in industries such as textiles, engineering, electronics, aquaculture, other natural resources, audio-visual activities and modern services. Other important economic activities within the Gaeltacht are farming, fishing and tourism.

## Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta is unique among state development agencies in that it is the only body where the vast majority of the board members are directly democratically elected. It is a unique regional authority, with a democratic dimension and wide ranging development functions. The Authority is highly representative of the various Gaeltacht areas.

The statutory brief of Údarás na Gaeltachta is to encourage the preservation and extension of Irish as the principal means of communication in the Gaeltacht. The task of the

organisation is to develop the economy of the Gaeltacht so as to facilitate the achievement of this objective. In furtherance of this aim, An tÚdarás promotes productive schemes of employment through the development of local natural resources, skills and entrepreneurial abilities and the attraction of mobile investment to the Gaeltacht. An tÚdarás also promotes and supports community development and pursues a range of language and cultural activities involving community groups and industries throughout the Gaeltacht.

## Súilfhéachaint Siar | Overview

		1998	1999	2000	2001	2002
<b>Údarás na Gaeltachta</b>						
Glan-Sócmhainní Dochta/Net Fixed Assets	€' 000	130,927	137,626	148,359	162,719	143,713
Glan-Sócmhainní Reatha/Net Current Assets	€' 000	(2404)	(895)	664	(334)	(1,196)
Fostaíocht Lánaimseartha/Full-time employment		116	116	113	107	117
Tuarastail agus Pá (a)/Salaries and Pay (a)	€' 000	4,836	5,133	5,570	6,158	6,454

**Fothionscail agus Comhthionscail | Subsidiary Industries and Associate Industries**

Infheistíocht an Údaráis i Scairchaipiteal/ Údarás Investment in Share Capital	€' 000	2,633	5,603	2,203	1,959	3,424
Deontais a Ceadaiodh/Grants Approved	€' 000	7,036	4,358	7,577	6,026	7,295
Deontais a Íocadh/Grants Paid	€' 000	4,355	7,052	5,813	5,731	6,031

**Mórhionscail agus Miontionscail | Large Industries and Small Businesses**

Deontais a Ceadaiodh/Grants Approved	€' 000	18,198	15,995	14,323	15,449	19,345
Deontais a Íocadh/Grants Paid	€' 000	7,940	9,505	11,816	11,007	9,338

**Fostaíocht | Employment in Assisted Industries**

Fostaíocht Lánaimseartha/Full-time Employment		8,174	8,183	8,251	8,093	7,571
Fostaíocht Shéasúrach & Pháirtaimseartha/ Seasonal & Part-time Employment		3,485	3,604	4,054	4,234	4,086

**Foirgnimh | Buildings**


Caiteachas ar Fhoirgnimh/Expenditure on Buildings	€' 000	17,195	11,680	15,378	19,175	18,553
---	--------	--------	--------	--------	--------	--------

**Airgead a Fuarthas ón Stát (AE san áireamh) | Exchequer Funding (EU Funding included)**

Deontais i gCabhair - Caiteachas Reatha/ Grant-in-Aid - Current Expenditure	€' 000	4,070	4,381	4,965	6,222	8,675
Deontais i gCabhair - Deontais do Thionscail/ Grant-in-Aid - Grants to Industry	€' 000	11,047	14,729	17,141	15,999	14,000
Deontais i gCabhair - Caiteachas Caipitil/ Grant-in-Aid - Capital Expenditure	€' 000	17,014	17,014	17,776	19,617	20,300

(a) Níl ranníocaíochtaí aoisliúntais san áireamh/Superannuation contributions not included


Fostaíocht lánaimseartha i dtionscail a fuair cúnaimh i 2002  
Full-time employment in assisted industries in 2002



13% 14% 17% 9% 21% 2% 24%

lomlán | Total - 7,571


Deontais a ceadaíodh i 2002 de réir earnála  
Grant approvals in 2002 by sector



12% 5% 17% 1% 5% 10% 50%

lomlán | Total - €26,640,379


Postanna nua a cruthaíodh i 2002  
New jobs created in 2002



13% 8% 20% 5% 11% 1% 42%

lomlán | Total - 910

Fostaíocht lánaimseartha i dtionscail a fuair cúnaimh i 2002  
Full-time employment in assisted industries in 2002



**Eochair | Key**

- Acmhainní Nádúrtha | Natural Resources
- Bia | Food
- Déantúsaíocht Eile | Other Manufacturing
- Teicstílí & Éadaitheoireacht | Textiles & Clothing
- Innealtóireacht Mheicniúil | Engineering
- Ruibéar & Plaistigh | Rubber & Plastics
- Seirbhísí | Services

**Foinsí Fáis na Fostaíochta 1998- 2002**

Sources of Employment Growth

Bonn Fostaíochta	Poist Nua i dtionscail atá ann cheana	Poist Nua Cruthaithe trí Thionscail Nua	lomlán na bPost Nua Cruthaithe
Employment Base	New Jobs Created in Established Industries	New Jobs in New Industries	Total New Jobs Created
1998 - 8,174	873 - (67%)	423 - (33%)	1296 - (100%)
1999 - 8,183	750 - (72%)	292 - (28%)	1042 - (100%)
2000 - 8251	711 - (71%)	289 - (29%)	1000 - (100%)
2001 - 8093	813 - (72%)	310 - (28%)	1123 - (100%)
2002 - 7571	458 - (50%)	452 - (50%)	910 - (100%)



**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH**  
**CHAIRMAN'S STATEMENT**

Nuair a chuirtear san áireamh an aeráid eacnamaíochta a bhí againn i 2002, measaim go ndearna Údarás na Gaeltachta gníomh maith tríd infheistíocht a mhealladh in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann agus 910 post lánaimseartha a chruthú dá thoradh. Mar sin féin, ag dul leis an aeráid eacnamaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus leis na laigí i roinnt de na cuideachtaí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht, cailleadh 1,432 post lánaimseartha agus bhí cailteanas glan de 522 post sa Ghaeltacht ina iomláine ag deireadh na bliana. Tháinig laghdú thart ar 6% go dtí 7,571 ar an fhostaíocht iomlán lánaimseartha in 2002 i gcuideachtaí a fhaigheann cuidiú ó Údarás na Gaeltachta. Seo an chéad uair ó 1998 nár coinníodh an leibhéal postanna lánaimseartha os cionn 8,000. An cúlú san earnáil dhéantúsaíochta an phríomhchúis a bhí le cailleadh na bpostanna anuraidh, mar gurb é sin an foinse infheistíochta ba mhó as ar gineadh postanna sna 1980óidí agus sna 1990aidí. Bíonn sé ina ábhar díomá i gcónaí nuair a fheictear dea-shaothar á scrios ag fórsaí nach bhfuil smacht ar bith againn orthu.

### LAGÚ NA DÉANTÚSAÍOCHTA

Le roinnt blianta anuas bhí an phleanáil agus an chinnteoireacht a rinneamar faoi thionchar na laige a bhaineann le cineálacha áirithe fostaíochta, go háirithe san earnáil thraidisiúnta déantúsaíochta. Mar gheall ar an soghluaisteacht dúchasach a bhíonn sna tionscail dhéantúsaíochta a shocraíonn cur fúthu in Éirinn, agus sa Ghaeltacht ach go háirithe, bíonn sé ina bhuntáiste nuair a bhíonn na cuideachtaí sin á mealladh isteach i dtús ama ach ina mhíbhuntáiste nuair a thagann athrú ar a

gcumas iomaíochta de bharr foráis eacnamaíochta agus nuair a thagann réigiúin nua chun cinn a bhfuil costais níos ísle iontu, cosúil leo sin in Oirthear na hEorpa, i dTuaisceart na hAfraice, i Meiriceá Lár nó sa tSín.

D'éirigh go han-mhaith linn inár n-iarachtaí chun infheistíocht déantúsaíochta a mhealladh chun na Gaeltachta sna hochtóidí agus sna nóchaidí. In 2001, áfach, tháinig meath leanúnach ar chumas iomaíochta na hearnála déantúsaíochta, go háirithe ar an gcuid sin a bhaineann le fo-sholáthrú, agus cailleadh postanna dá bharr sin. Chun déileáil leis an athrú timpeallachta sin, tá leasú déanta againn cheana féin ar ár straitéis forbartha don tréimhse 2002 – 2006. Tá seo ag diríú ar bhunús a chur faoi eacnamaíocht bunaithe ar sheirbhísí nua-aimseartha. Laghdóidh sé sin cuid mhaith an dóigh a bhfuiltear ag brath ar an déantúsaíocht chun fostaíocht a chur ar fáil agus ina theannta sin cuirfidh sé deiseanna fostaíochta ar fáil do chéimithe tríú leibhéal. Le go n-éireodh leis an straitéis seo, tá sé fíor-riachtanach go dtabharfar aghaidh, ar bhonn práinne, ar na laigí atá sa bhonneagar teileachumarsáide agus fisiciúil, agus ar an soláthar easnamhach cumhachta a chuirtear ar fáil san iarthar agus san iarthuaisceart. Cuireann sé áthas orm go bhfuil roinnt dul chun cinn á dhéanamh faoi láthair ar ghnéithe a bhaineann leis an bhonneagar teileachumarsáide agus fisiciúil. Le haghaidh a thabhairt go fuinniúil ar an ráta ard de chaillteanas fostaíochta, sheolamar gníomhphlean ag deireadh 2002 chun postanna a chur ar fáil. Tá an feachtas seo ag diríú ar Ghaeltacht Dhún na nGall go príomha i dtús ama mar gurb shin an réigiún ba mheasa a buailleadh anuraidh nuair a

### CHAIRMAN'S STATEMENT

Given the economic scenario that prevailed in 2002, I think that Údarás na Gaeltachta had a credible performance in attracting investment in difficult circumstances, resulting in the creation of 910 full-time jobs. However, reflecting the national and international economic climate, together with the vulnerability of some of the companies operating in the Gaeltacht, full-time job losses reached 1,432, and the outcome for the year for the Gaeltacht as a whole was a net loss of 522 jobs. Total full-time employment in Údarás na Gaeltachta assisted companies fell by about 6% to 7,571 in 2002. This is the first time since 1998 that the plateau in excess of 8,000 full-time jobs has not been sustained. The downturn in the manufacturing sector, which was the main vehicle of inward investment and job creation in the 1980s and 1990s, was the primary reason for job losses last year. It is always disappointing to see hard work being undone by forces outside of our control.

Our planning and decision-making for the past number of years has been informed by the vulnerability of certain kinds of employment, particularly in the manufacturing sector. The inherent mobility of the manufacturing industries that choose to locate in Ireland, and in the Gaeltacht in particular, is an advantage when attracting these companies in the first instance but a disadvantage when our competitiveness is changed due to economic prosperity and the emergence of new, lower-cost regimes such as those in Eastern Europe, North Africa, Central America and China. We achieved a high level of success in attracting manufacturing investment to the Gaeltacht in the 1980s and 1990s.

However, the competitiveness of the manufacturing sector, and particularly the sub-supply segment, began to dissipate in 2001 at an accelerated pace with consequent job losses.

In response to the changing environment, we are already implementing a revised development strategy for the period 2002 – 2006. This concentrates on establishing the base for a modern service-based economy that will to a large degree reduce the dependency for employment creation on manufacturing and will also provide employment opportunities for third level graduates. It is critical to the success of this strategy that the deficiencies of the telecommunications and physical infrastructure, as well as the inadequate power supply in the west and northwest, be addressed as a matter of urgency. I am pleased to acknowledge that some progress is being made currently in the areas of telecommunications and physical infrastructure.

In order to actively address the high level of job losses, we launched a major job-creation action-plan towards the end of 2002. The campaign is initially focusing on the Donegal Gaeltacht which was hardest hit last year by a series of closures and layoffs in manufacturing and sub-assembly companies. In a focused strategy to open up new employment sectors, we are targeting niche areas such as customer contact centres, the attraction to the Gaeltacht of non-trading business expansions out of major centres of population, and the development of a media cluster. In addition to concentrating on different niches of information technology, An tÚdarás also

druideadh sraith de chuideachtaí déantúsaíochta agus fo-choimeála, agus leagadh daoine amach as obair. Mar chuid den straitéis atá againn chun diríú ar earnálacha nua fostaíochta, táimid ag diríú ar shainréimsí ar nós ionaid teagmhála custaiméirí, forbairtí neamhthrádála gnó a mhealladh chun na Gaeltachta as na cathracha, agus forbairt a dhéanamh ar lárionad meán. Chomh maith le bheith ag diríú ar shainréimsí éagsúla de theicneolaíocht an eolais, tá sé i gceist ag an Údarás feidhm iomlán a bhaint as an gcumas fostaíochta atá i ngnóthaí atá bunaithe ar an teanga, sna fiontair bhunúsacha a bhaineann le hacmhainní mara agus nádúrtha, sa gheilleagar sóisialach, sna healaíona, sa turasóireacht chultúrtha, ar sholáthar oideachais tríú leibhéal, agus i ngníomhaíochtaí fóillíochta agus caitimh aimsire. Tá foireann speisialta curtha le chéile chun moltaí thuairisc Uí Chnámhí, An Grúpa Oibre ar Fhostaíocht sa Ghaeltacht, a chur i bhfeidhm. As na nithe a gheofar amach i gcur i bhfeidhm na straitéise seo, tabharfar cuidiú don Údarás chun cinnidh a dhéanamh agus straitéis tionscnaimh a chur ar fáil don Ghaeltacht mar iomlán sna blianta atá amach romhainn. Ina theannta sin, tá polasaí forbartha nua curtha i bhfeidhm ag againn do na hoileáin. Mar chuid dhilis de sin tá scéim speisialta chúnaimh a thugann aird ar na costais bhreise agus ar na deacrachtaí lonnaithe a bhaineann le fiontair thráchtála a bhunú ar oileáin amach ón chósta, agus go háirithe le diríú ar an dúshlán a bhaineann le cruthú fostaíochta agus le forbairt ghinearálta eacnamaíochta i gcuid de na pobail is imealláí san Aontas Eorpach.

plans to fully exploit the employment potential of language-based businesses, indigenous enterprises in the areas of marine and other natural resources, the social economy, the arts, cultural tourism, third level education provision, as well as leisure and recreation activities.

A special team has been set-up to implement the recommendations of the Working Group on Employment in the Gaeltacht (the Bonner Report). The Report contains many proposals which, if implemented, would enable An tÚdarás to attract a much higher level of modern service-based enterprises to the Gaeltacht. We are proceeding to implement those aspects of the Report which fall within our statutory remit. The lessons that will be learnt in pursuing this strategy will inform the organisation's decision-making and initiatives for the Gaeltacht as a whole in the years ahead. We have also adopted a new development strategy for the Gaeltacht islands with a specific package of incentives that take account of the extra costs and the locational constraints involved in establishing commercial enterprises on offshore islands, and particularly the challenge that accompanies the promotion of job creation and economic development in what are, in effect, some of the most peripheral communities in the EU.

#### NEW DIRECTION

We acknowledge that these new types of employment will take time to develop. It will be a gradual process as it involves a major change of direction. A similar challenge was faced over 30 years ago when the foundations were laid to establish a new

#### TREO NUA

Glacaimid leis go dtógfaidh sé roinnt ama na cineálacha fostaíochta seo a fhorbairt. Próiseas mall a bheidh ann mar tá athrú suntasach treo sa treis. Nil aon bhealach furasta ann le teacht as na cúinsi eacnamaíochta atá ann faoi láthair. Tugadh aghaidh ar dhúshlán den chineál céanna breis agus tríocha bliain ó shin nuair a leagadh an dúshraith do bhonn nua déantúsaíochta sa Ghaeltacht. Tá aghaidh tugtha anois againn ar an dúshlán a bhaineann le forbairt ar eacnamaíocht ina gcuirfear an bhéim ar thacaíocht d'fhiontair dhúchasacha, agus ina ndlúthchuid de sin tá fiontair nua-aimseartha seirbhísí a bhfuil oibríthe ardsciliúla fostaithe iontu. Is é an t-iomaíochas a thabharfaidh slán na cuideachtaí eile atá bunaithe ar an fhócheana féin.

Tá oideachas agus oiliúint ina ndlúthchuid den phlean atá againn leis an straitéis nua seo a chur i bhfeidhm. Beidh iarracht mhór ag teastáil ó na heagraíochtaí cuí oideachais agus oiliúna chun a chinntiú go mbeidh fáil ar raon leathan cúrsaí le deis a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta cáilíochtaí creidimh a bhaint amach agus scileanna nua a fhoghlaim le deiseanna nua fostaíochta a thapú.

#### AN TEANGA

Cé go bhfuil roinnt mhaith comharthaí dóchasacha ann i dtaca le húsáid na teanga sa Ghaeltacht, fós féin tá staid iomlán na Gaeilge lag go maith mar theanga pobail i gcuid mhór ceantair

industrial base in the Gaeltacht. We have now embraced the challenge to develop an economy that has a core of modern service enterprises employing highly skilled employees and has a strong emphasis on supporting and developing indigenous enterprise. Competitiveness is the key to the survival of existing companies.

Education and training are key components of our approach to ensuring the success of this new strategy. A major effort will be required from the relevant educational and training bodies to ensure that a wide range of courses are made available so that the people of the Gaeltacht can be equipped with accredited third level qualifications and be upskilled to avail of the new job opportunities.

#### LANGUAGE

Although there are many positive signs of progress and buoyancy on the language front in the Gaeltacht overall, Irish is in a fragile state as the community language in many parts of the Gaeltacht. The Official Languages Equality Act 2003 and the report and recommendations of Coimisiún na Gaeltachta are the two main planks of Government Policy being addressed in this context at present. Údarás na Gaeltachta is represented on the Advisory Committee established by the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs to advise on the implementation of the report and recommendations of Coimisiún na Gaeltachta arising from a recommendation of that Committee. The first major scientific study of the linguistic situation in the Gaeltacht

Ghaeltachta. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Tuarascáil agus Moltaí Choimisiún na Gaeltachta ar an dá ghné is tábhachtaí de Pholasai an Rialtais a bhfuiltear ag diríú orthu faoi láthair.

Tá ionadaíocht ag Údarás na Gaeltachta ar an Choiste Comhairleach a bhunaigh An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun comhairle a thabhairt faoi chur i bhfeidhm thuarascáil agus mholtaí Choimisiún na Gaeltachta. Tá tús curtha leis an gcéad staidéar eolaíoch ar staid na teanga sa Ghaeltacht a rinneadh ó dheireadh na 1920idí agus tá roinnt tionscnamh mór eile á bpleanáil faoi láthair freisin.

Braithimid go bhfuil géarghá anois le tionscnamh mór pleanála teanga ag leibhéal pobail sa Ghaeltacht, tionscnamh a bheadh bunaithe ar na próifíilí áitiúla teanga agus sóisialacha sna ceantair éagsúla Ghaeltachta, agus go mbainfear úsáid as na hacmhainní saineolacha taighde agus buanaithe teanga atá ar fáil ó Institiúid Teangeolaíochta Éireann agus ó choláistí tríú leibhéal áirithe leis seo a chur i gcrích.

Bheadh gá le hinfeistíocht mhór acmhainní leis an aidhm seo a bhaint amach. Tá sé riachtanach go mbainfí úsáid as tionscnaimh nua-aimseartha nualacha a thabharfaidh aird ar staid leochaileach na teanga sa Ghaeltacht mar atá faoi láthair, agus nach é amháin go léireoidh na tionscnaimh sin na príomhthosca a bhfuil tionchar acu ar úsáid na Gaeilge, ach go léireoidh siad fosta nithe is féidir a dhéanamh faoin scéal agus go dtacóidh siad le húsáid na teanga i measc an ghnáthphobail

since the late 1920s has been set in train by the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs and a number of other major initiatives are at the planning stage.

We feel there is now an urgent need for a major language planning initiative at community level in the Gaeltacht based on the local sociolinguistic profiles of different Gaeltacht areas and supported by the linguistic research and language maintenance expertise that reside within the Linguistic Institute of Ireland (ITÉ) and some of our third-level colleges.

Such an initiative would require a major investment of resources. It is essential that innovative and groundbreaking initiatives be taken that are responsive to the fragile language situation that currently pertains in the Gaeltacht and that they not only identify the major factors influencing language behaviour at local level but also source initiatives to support the language at grass roots level, thereby creating a buttress against the ongoing erosion of the status and use of Irish within the Gaeltacht. Community-based measures such as these and others that are at an advanced planning stage will be greatly assisted by the commencement of the recently enacted Official Languages Act.

sa dóigh go gcuirfear stop leis an idiú leanúnach atáthar a dhéanamh ar stádas agus ar úsáid na Gaeilge taobh istigh den Ghaeltacht. Nuair a bheidh feidhm le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a achtaíodh le déanaí, cuideoidh sé go mór le scéimeanna pobalbhunaithe den chineál sin.

### CÚRSAÍ PLEANÁLA

Cúinse criticiúil eile sa Ghaeltacht is ea pleanáil fisciúil mar gheall ar na deacrachtaí a bhíonn ag áitritheoirí Gaeltachta cead pleanála a fháil in go leor ceantar. Tá scéimeanna nua tithíochta, go háirithe iad sin a thógtar ar bhonn amhantraíochta, ag cur brú damanta ar an Ghaeilge ag gach leibhéal de shaol an phobail.

Ní mór do na húdaráis áitiúla dearcadh dearfach a fhorbairt chun tacú le stádas na Gaeilge taobh istigh de na ceantair Ghaeltachta agus tá forálacha san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 chuige sin. Ag teacht leis an ról comhairleach a tugadh dó faoin reachtaíocht sin tá Údarás na Gaeltachta sásta oibriú i bpáirtíocht leis na húdaráis Áitiúla le cuspóirí teanga an Achta sin a chur i gcrích.

### OIDEACHAS TRÍÚ LEIBHÉAL

Tá oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge ar cheann eile de ghnéithe an chomhionannais teanga a chaithear a chur ar fáil le go mbeidh deis ag daoine a n-acmhainneacht féin a bhaint amach sa teanga is rogha leo féin. Tá na constaicí a bhaineann le hoideachas tríú leibhéal a fháil taobh istigh den Ghaeltacht ar cheann de na cúiseanna go bhfuil na daoine óga is mó a bhfuil

### PHYSICAL PLANNING

Physical planning is also a critical issue in the Gaeltacht because of the difficulties Gaeltacht residents experience in acquiring planning permission in many Gaeltacht areas. New housing developments, particularly those of a speculative nature are bringing enormous pressure on Irish at all levels of community life in many areas.

Local authorities need to adopt a proactive approach to buttressing the status of Irish within the Gaeltacht areas and the provisions of the Planning and Development Act 2000 provide for this. In line with the consultative role accorded it under this legislation Údarás na Gaeltachta is willing to work in partnership with the Local Authorities to achieve the language objectives of this Act.

### THIRD LEVEL EDUCATION THROUGH IRISH

Access to third level education through Irish is yet another aspect of the spectrum of language equality that needs to be available so that people can achieve their potential through the language of their choice. The limitations on access to third level education within the Gaeltacht have contributed to the drain of the best educated young people from the Gaeltacht with serious implications from both a language and economic development perspective. An tÚdarás is playing an active role in progressing the concept of an Irish language university for the Gaeltacht, based mainly on a network of outreach centres. Accredited courses have already been successfully run by NUIG in Carna,



oideachas orthu ag tréigean na Gaeltachta. Tá ról gníomhach á ghlacadh ag an Údarás i bhforbairt choincheapa na hOllscolaíochta trí Ghaeilge sa Ghaeltacht, bunaithe ar ghréasán de chian-ionaid. Cheana féin tá cúrsaí creidiúnaithe curtha i gcrích go sásúil ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh i gCarna, Conamara, agus tá bailchríoch á cur ar a thuilleadh cúrsaí do Ghaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, don bhliain seo romhainn.

D'eagraigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath comhdháil thábhachtach ar théama na hollscolaíochta trí Ghaeilge níos luaithe i mbliana agus don chéad uair riamh tugadh le chéile na príomhdreamanna a bhaineann leis an earnáil sin chun teacht ar chomhaontú faoi phlean leis an gcoincheap a bhrú ar aghaidh.

Chomh fada agus a bhaineann lena thionchar siceolaíochta, sóisialach, agus eacnamaíochta ar an Ghaeltacht tá an tábhacht chéanna ag baint le bunú struchtúir a sholáthraíonn rochtain ar oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus atá ag bonneagar teileachumarsáide mar bhonn d'fhorbairt fiontar nua. Measaimid go bhfuil deis anseo ag Údarás na Gaeltachta an coincheap sin a éascú agus a sheoladh ar aghaidh trí mholtai praiticiúla infheidhmithe a thugann aghaidh ar chroicheisteanna an struchtúir agus an mhaoinithe i gcomhar leis na dreamanna eile atá gníomhach san earnáil sin.

Conamara and further courses are being finalised for delivery in Gaoth Dobhair, Co. Donegal during the coming year. Dublin City University hosted an important conference on the theme of university education through Irish earlier this year and for the first time all the major players in this sector were brought together to outline a road-map for progressing the concept.

In terms of its potential psychological, social and economic impact on the Gaeltacht the establishment of a structure that delivers access to Third Level Education through Irish and a range of opportunities in the areas of Adult Education and Lifelong Learning is as important to underpinning the future of Irish in the Gaeltacht as the provision of telecommunications infrastructure in underpinning new enterprise development. We feel that there is an opportunity here for Údarás na Gaeltachta to facilitate and progress this concept through bringing forward actionable proposals that address the core issues of structure and funding in partnership with other players in the sector.

## BUÍOCHAS

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí éagsúla lena rabhamar ag obair go dlúth i rith na bliana - grúpaí pobail, comhlachtaí pairtnéireachta, gníomhaireachtaí agus ranna eile Stáit, Údaráis Áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus eagraíochtaí teanga. Is mór againn an caidreamh luachmhar atá buanaithe againn leis na heagraíochtaí seo, agus le dreamanna eile ag leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta agus tá súil againn go leanfaidh an comhoibriú sna blianta amach romhainn. Ár mbuíochas chomh maith le foireann na heagraíochta a d'oibrigh go díograiseach chun seirbhís den scoth a sholáthar don phobal agus dár gcliaint.



Liam Ó Cuinneagáin, *Cathaoirleach*

Dáta: Iúil 2002



## ACKNOWLEDGMENTS

We would like to express our thanks to the various organisations with which we work closely; community groups, partnership companies, other State agencies and departments, Local Authorities, third-level institutions and language organisations. We acknowledge the valuable relationships we have built up with these organisations, and with others on a European and international level, and look forward to enjoying their co-operation in the years ahead. Our thanks also to the staff who work diligently to provide a high standard of service to the public and our clients.



Liam Ó Cuinneagáin, *Cathaoirleach*

Date: July 2002





---

**EACNAMAÍOCHT**  
**ECONOMY**

**Forbairt Thionsclaíoch**

Cruthaíodh 910 post nua i gcuideachtaí a fuair cúnaimh ón Údarás in 2002, i gcomparáid leis an sprioc de 800. Cailleadh 1,432 post sa tréimhse chéanna, áfach, rud a chiallaigh go raibh caillteanas glan de 522 post i gceist. Bhí 7,571 post lánaimseartha san iomlán ann ag deireadh na bliana. Thit líon na bpostanna páirtaimseartha agus séasúracha go dtí 4,086 (ó 4,234 in 2001).

Cruthaíodh formhór na bpostanna nua i nGaillimh agus i nDún na nGall. Tá sprioc de 800 post in aghaidh na bliana ag an eagraíocht, agus cé gur bliain dheacair a bhí inti, nuair a chuirtear cúrsaí eacnamaíochta san áireamh, sáraíodh an sprioc sin. D'ainneoin sin ar fad, cailleadh a lán postanna i nDún na nGall, go háirithe i gceantar Ghaith Dobhair, de bharr oibríthe a ligeadh chun bealaigh agus cuideachtaí a dúnadh.

Sna tionscail mhóra a cailleadh formhór na postanna. Tharla roinnt fáis in earnáil na mionthionscal, mar a bhfuil 46% den fhostaíocht lánaimseartha agus 76% den fhostaíocht pháirtaimseartha agus shéasúrach. Léiríonn sin cé chomh tábhachtach is atá earnáil na mionthionscal sa Ghaeltacht.

**Caillteanas Bliantúil Post**

D'ardaigh an líon postanna a cailleadh go dtí 1,432 in 2002. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta measadh go mbeadh an caillteanas idir 10% agus 12.5% de fhostaíocht na bliana roimhe sin. Tá 1,432 cothrom le 17.7% den fhostaíocht, nó breis agus 50% níos mó ná mar a bhí measta. Ag breathnú chun cinn, meastar go gcaillfear tuilleadh postanna de réir mar a théann an earnáil thionsclaíoch ar gcúl, go háirithe sna tionscail mhóra, ach níltear ag súil go mbeidh na figiúirí chomh hard le 2002.

**Industrial Development**

910 new jobs were created in Údarás-assisted companies in 2002, compared to a target of 800. Unfortunately 1,432 jobs were lost, which resulted in a net loss of 522 jobs. Total full-time employment at year end was 7,571. The number of part-time and seasonal jobs fell to 4,086 (from 4,234 in 2001).

Most of the new jobs were created in Galway and Donegal. The organisation's jobs target is 800 jobs a year and even though it was a difficult year, given the economic climate, this target was surpassed. Notwithstanding that, Donegal, and in particular the Gaoth Dobhair area, suffered considerable job losses due to job-shedding and company closures.

The larger industries accounted for most of the job losses. Some growth was achieved in the small industries sector which accounts for 46% of the total fulltime employment and for 76% of part-time and seasonal employment. This demonstrates the increasing importance of the small business sector in the Gaeltacht.

**Annual Job Losses**

The number of jobs lost rose to 1,432 in 2002. In the National Development Plan that loss was projected to be between 10% and 12.5% of the previous years employment. 1,432 is 17.7% or more than 50% more than what was projected. Looking ahead, it is anticipated that more jobs will be lost as the manufacturing sector continues to decline, particularly in the large industries, but the numbers are not expected to be as high as 2002.

**Postanna a Ceadaíodh**

Bhí líon na bpostanna a ceadaíodh don bhliain 2002 cothrom le 1,008, i gcomparáid le 864 in 2001.

**Líon na gCéimithe a Fostaíodh**

Bhí 1,073 céimí fostaithe in 2001 agus d'ardaigh an figiúr sin go dtí 1,263 in 2002, sin ardú de 17% de réir suirbhé náisiúnta a rinneadh thar cheann ghníomhaireachtaí forbartha an Stáit. Tá an toradh ag dul sa treo ceart agus i gcomhthéacs na gcuspóirí atá ag an Údarás i dtaca le cruthú postanna, léiríonn sé go bhfuil an fhostaíocht earnála ag druidim de réir a chéile go dtí na hearnálacha sin atá ag fostú daoine a bhfuil leibhéal ard scileanna acu. D'fhéadfadh sé a bheith deacair an treo sin a choinneáil, áfach, nuair a chuirtear san áireamh an bhéim bhreise atáthar a chur ar fhorbairt mol agus geataí faoin Straitéis Spásúlachta Náisiúnta.

**Maoiniú ar na Postanna a Ceadaíodh**

Beidh infheistíocht Stáit de €27.6milliún i gceist leis an 1,008 post nua a ceadaíodh i dtionscadail nua agus i bhforbairtí.

**Taighde agus Forbairt**

Cuireann an tÚdarás béim ar leith ar chaiteachas do Thaighde agus Forbairt nuair a thugtar cabhair do chuideachtaí chun a gcuid iomaíochta a fhorbairt, rud atá an-tábhachtach in eacnamaíocht oscailte. Bhí caiteachas iomlán de €2.5milliún ar dheontais do Thaighde & Forbairt in 2002.

**Costas in aghaidh an Phoist**

Bhí costas deontais de €14,431 in aghaidh gach poist i gceist an bhliain seo caite agus bhí meánchostas de €13,373 in aghaidh an phoist i gceist thar na cúig bliana seo caite. Chomh

**Job Approvals**

The number of job approvals for the year 2002 was 1,008 compared to 864 in 2001.

**Number of Graduates Employed**

There were 1,073 graduates employed in 2001 and that figure rose to 1,263 in 2002, an increase of 17% according to a national survey carried out for the State development agencies. This result is moving in the right direction and in the context of the current job-creation aims of An tÚdarás it shows that sectoral employment is gradually shifting to those sectors which are employing people with higher skills levels. However, in the current climate of increased emphasis on developing hubs and gateways under the National Spatial Strategy this trend may be difficult to sustain.

**Funding of Projects approved**

The 1,008 jobs approved in new projects and expansions will involve an overall State investment of €27.6m.

**Research and Development**

An tÚdarás places special emphasis on Research and Development expenditure as it assists companies to develop their competitiveness, a very important factor in our open economy. Total expenditure on Research & Development grants in 2002 amounted to €2.5m.

**Cost per Job**

The grant cost per job last year was €14,431 and the average cost per job over the past five years was €13,373. In addition

maith le deontais chaipitil, léiríonn an costas in aghaidh an phoist an caiteachas deontais ar oiliúint, fostaíocht, taighde agus forbairt cé is moite de Bheart 1/RTI agus FIG. Tá an costas in aghaidh an phoist i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás ar chomhchéim i gcoitinne leis an meán náisiúnta do thionscail bheaga agus mheánmhéide.

### An Plean Forbartha Náisiúnta

Clúdaíonn An Plean Forbartha Náisiúnta an tréimhse 2000 – 2006 agus déanann sé maoiniú ar na Deontais Chaipitil, ar Oiliúint agus ar chaiteachas Talún & Foirgneamh an Údaráis.

Oibríonn an tÚdarás trí mhiosúr éagsúla faoin bPlean: *Cúnamh do Thionsclaíocht, do Oiliúint, agus do Thalamh & Foirgnimh.*

Tá cómhaoiniú á dhéanamh ag cistí Eorpacha ar chuid de na clár náisiúnta atá á reachtáil ag an Údarás do fhiontair Ghaeltachta thar cheann na n-údarás bainistíochta, ar nós an clár RTI (taighde iomaíoch) agus an clár FIG (uiscehaothrú).

Tá An Plean Forbartha Náisiúnta don Ghaeltacht ag iarraidh 5,600 post nua a chruthú thar na seacht mbliana go dtí 2006, sin 800 post in aghaidh na bliana ar meán. In 2002 chruthaíomar 910 post nua san iomlán.

### Scéimeanna Nua

In 2002 tugadh isteach scéimeanna nua a bhí dírithe go speisialta ar na ceantair tearcforbartha, mar a leanas:

- Scéim dheontais athnuachana do Bháid Seoil Traidisiúnta
- Scéim dheontais athnuachana do Gheoltai
- Polasáí Cuimsitheach Forbartha do na hOileáin

to capital grants, the cost per job reflects expenditure on training, employment, research and development grants excluding Measure 1/RTI and FIG. Cost per job in Údarás-assisted companies is generally in line with the national average for small to medium-sized industries.



### National Development Plan

The National Development Plan covering the period 2000-2006 finances the Capital Grants, Training and Land & Building expenditure of An tÚdarás.

An tÚdarás operates three measures under the plan: *Assistance for Industry, Training and Land & Buildings.*

Some national programmes administered by An tÚdarás for Gaeltacht enterprises on behalf of the managing authorities such as the RTI programme (competitive research) and the FIG programme (aquaculture) are co-financed by European funds.

The National Development Plan for the Gaeltacht calls for the creation of 5,600 new jobs over the seven years to 2006, an average of 800 jobs per year. In 2002 we created a total of 910 new jobs.

### New Schemes

In 2002 new schemes with particular emphasis on the lesser developed areas were introduced as follows:

- Renovation grant scheme for Traditional Sailing Boats

### An Grúpa Oibre ar Fhostaíocht sa Ghaeltacht

Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Fhostaíocht sa Ghaeltacht faoi dheireadh na bliana. Léirigh an Grúpa Oibre go cruinn gurb iad na dúshláin is mó a bheidh le sárú ag an Údarás ina straitéis do fhorbairt eacnamaíochta sa Ghaeltacht ná an easpa bonneagair, foirgnimh oiriúnacha a sholáthar, agus an gá atá ann an fórsa oibre sciliúil a choinneáil agus stop a chur leis an sruth imirce de dhaoine ardsciliúla as an nGhaeltacht.

### An Straitéis Spásúlachta Náisiúnta

Aithníonn An Straitéis Spásúlachta Náisiúnta go mbraitheann na ceantair Ghaeltachta ar a n-acmhainní nádúrtha mar bhunchloch lena gcuid forbartha, go háirithe sna réimsí a bhaineann le seirbhísí muirí, turasoireacht, foraoiseacht, agus seirbhísí áitiúla. I dtaca le ceantair thuaithe, deirtear sa Straitéis faoi cheantair thuaithe a bhfuil féiniúlacht chultúrtha ag baint leo, cosúil leis an nGaeilge i gcás na Ghaeltachta, nó na hoileáin agus ceantair eile a bhfuil oidhreacht shuntasach chultúrtha ag baint leo, go bhfuil siad an-tarraingteach do dhaoine, agus do chineálacha agus do leibhéil áirithe infheistíochta. Mar sin, is féidir leis na tréithe chultúrtha sin tacú go mór le heacnamaíocht na tuaithe, le buanú an daonra agus le neartú an phobail. Ní mór an féiniúlacht sin a chaomhnú ar bhealaí a thabharfaidh cead a chinn don fhorbairt ach a thabharfaidh cosaint ag an am céanna d'acmhainní oidhreachta an cheantair. Beidh ról tábhachtach leanúnach ag An Roinn Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus na hÚdaráis Áitiúla, sa neartú atá le déanamh ar an mbonneagar agus i gcur chun cinn na fiontraíochta sna ceantair Ghaeltachta.

- Renovation grant scheme for Yawls
- Comprehensive Development Policy for the Islands

### Working Group on Employment in the Gaeltacht

The report of the Working Group on Employment in the Gaeltacht was published at year end. The Group correctly identified that the lack of infrastructure, provision of suitable buildings, and the need to retain a skilled workforce and stem the tide of emigration of highly-skilled Gaeltacht people will be the main challenges facing An tÚdarás in its strategy for the economic development in the Gaeltacht.

### The National Spatial Strategy

The National Spatial Strategy recognises that Gaeltacht areas depend on their natural resources as a base for development, particularly in the areas of marine, tourism, forestry, local business services. In respect of rural areas it states that "rural areas with particular *cultural identities*, associated for instance with language as in the case of the Gaeltacht, or the islands and other areas of significant cultural heritage, can act as magnets for people and for certain types and levels of investment. These cultural identities can make a significant contribution therefore to underpinning the rural economy, stabilising populations and strengthening communities. Conservation of identity needs to be considered in ways that allow development to take place, while at the same time protecting the area's heritage resources. The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, in conjunction with Údarás na Gaeltachta, the Western Development Commission and Local Authorities will continue to play an important role in strengthening infrastructure and promoting enterprise in Gaeltacht areas."

### Punann Maoine

Léiríonn éagsúlacht na punainne maoine an ról leathan atá ag Údarás na Gaeltachta mar ghníomhaireacht forbartha réigiúnach. Ní hé amháin go bhfuil sealúchas substaintiúil sa phunann de eastáit thionsclaíochta, de mhonarchana agus d'oifigí, tá trí aerstráice ann freisin mar aon le seirbhísí coimhdeacha, agus réimse maoine a coimisiúnaíodh go speisialta.

Faoi dheireadh 2002, bhí 267,388 méadar cearnach spáis ag an Údarás, agus bhí 42,324 méadar cearnach de sin folamh (tá roinnt monarchana móra á n-athchóiriú chun iad a chur in oiriúint do riachtanais na gcuideachtaí nua a bheidh mar chliant iontu); tá 20,667 méadar cearnach i ndroch-chaoi rud a fhágann go bhfuil 8.1% den spás ar fáil do thionscadail nua.

### Éileamh ar spás

Chun freastal ar an athrú éilimh atá sa mhargadh, tá níos mó béime á chur ag an Údarás ar sholáthar spáis oifige atá ar chaighdeán maith. Bhí éileamh láidir ar aonaid den chineál seo.

Is beag éilimh a bhí ar ghnáth-aonaid thionsclaíochta, áfach, mar gheall ar an gcúlú i dtionscail na déantúsaíochta. Tugadh foirgnimh ar ais i rith na bliana de bharr gnóthaí a dúnadh nó a daingníodh.

### Díonú

Leanadh ar aghaidh leis an gclár athnuachana dín ar mhonarchana a tógadh sna 70oidí agus i dtús na 80oidí agus rinneadh athsholáthar ar 3,325 méadar cearnach dín a bhí lochtach nó ar dhroch-chaighdeán.

### Clár Tógála

Tá Aonaid Fhiontraíochta á dtógáil in ionaid straitéiseacha ar fud na Gaeltachta chun spás a chur ar fáil do thionscadail bheaga ardchaighdeán, a bhfuil an chuid is mó acu san earnáil seirbhíse.

### Property Portfolio

The diversity of the property portfolio reflects Údarás na Gaeltachta's diverse role as a regional development agency. The portfolio includes not only a substantial holding of industrial estates, factories and office premises but also three airstrips with ancillary services and a range of specifically commissioned properties.

At the end of 2002, An tÚdarás had 267,388 square metres of space, of which 42,324 square metres were unoccupied (a number of large factories were undergoing refurbishment to adapt them to the needs of new client companies); 20,667 square metres are in poor condition, leaving 8.1% of space available for new projects.

### Demand for space

In response to the changing demand in the market an tÚdarás has placed an increasing emphasis on the provision of good quality office space. Demand for units of this type has been strong. Demand for conventional industrial units has been weak, however, due to the general downturn in manufacturing industry. Some closures and consolidations have resulted in premises being returned during the year.

### Roofing

The roof replacement programme on factories built in the 70's and early 80's continued and 3,325 square metres of faulty or sub-standard roofs were replaced.

### Building Programme

Enterprise Units are being built in strategic locations throughout the Gaeltacht in order to provide space for smaller high quality

Tógadh 4,754 méadar cearnach de spás oifige i rith 2002, ina measc:

- Aonaid Riomhghnó, na Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall
- Páirc Ghnó, Baile an Mhuilinn, An Daingean, Co. Chiarraí
- Ionad Seirbhíse, Baile an tSagairt, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
- Ionad Seirbhíse/Páirc na Meán, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
- Spás Oifige Eurotel (Ionad Glaonna), Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.

### Aerstráicí

Is le hÚdarás na Gaeltachta na haerstráicí ar thri oileán Árann agus maoiníonn sé an chothabháil orthu.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh

Lean an grúpa oibre inmheánach lena monatóireacht agus lena moltaí maidir le laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh an Údaráis.

### Tionscnaimh Fhorbartha Áitiúla

Tá an fhostaíocht pháirtaimseartha agus shéasúrach ina cuid tábhachtach de fhreagairt Údarás na Gaeltachta ar riachtanais ioncain na bpobal áitiúla agus bíonn tionchar tábhachtach aici ar chuid mhaith de na pobail sin a bhfuil an Ghaeilge ar a buaic is láidre mar theanga phobail iontu.

Mar aon leis an fhostaíocht pháirtaimseartha agus shéasúrach, bíonn ról tábhachtach ag na Cláracha Fostaíochta Pobail (riarthra i gcomhar le FÁS agus na pobail áitiúla) maidir le leagan amach sóisalta an phobail a choinneáil sláintiúil nuair nach mbíonn cúrsaí eacnamaíochta chomh maith sin. Riaradh 26 scéim anuraidh, a thug fostaíocht do 500 duine agus bhí costas de bhreis is €5.1m i gceist leo.

projects, generally in the services sector. 4,754 square metres of office space was built during 2002 including:

- E-Business Units, na Doirí Beaga, Co. Donegal
- Business Park, Baile an Mhuilinn, An Daingean, Co. Kerry
- Services Centre, Baile an tSagairt, An Spidéal, Co. Galway
- Services Centre/Media Park, An Spidéal, Co. Galway
- Eurotel Office Space (Call Centre), Béal an Mhuirthead, Co. Mayo.

### Airstrips

An tÚdarás owns and funds the maintenance of airstrips on the three Aran Islands.

### Energy Efficiency

The internal working group continued monitoring and making recommendations regarding, the reduction of energy usage in all Údarás buildings.

### Local Development Initiatives

Part-time and seasonal employment has played a significant part in Údarás na Gaeltachta's response to the income needs of communities and makes a particularly important impact in many of those communities where the Irish language is strongest as a community language.

In addition to part-time and seasonal employment, Community Employment Programmes (administered in co-operation with FÁS and local communities) have made a huge contribution in improving the fabric of community life and maintaining local morale through difficult economic circumstances. Last year, 26 schemes employed 500 people and had a value of €5.1m.



**FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA EARNÁLACH:  
ACMHAINNÍ DAONNA**

---

**STRATEGIC SECTORAL DEVELOPMENTS:  
HUMAN RESOURCES**

### **Oideachas agus Oiliúint**

Tá forás agus forbairt déanta ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta i dtaca le hoideachas agus le hoiliúint thar na blianta. Tá athrú tagtha ar fhócas na Rannóige Oiliúna agus Oideachais, ó oiliúint laistigh den chuideachta go dtí deiseanna oiliúna agus oideachais a chur ar fáil don phobal. Tá an tÚdarás ag cur maoiniú tacaíochta ar fáil le haghaidh cúrsaí creidiúnaithe dioplóma tríú leibhéal agus breathnaítear orthu sin mar bhunchloch do sholáthar oideachais Ollscoile sa Ghaeltacht.

### **Scéim na bPrintiseach**

Cuireadh 150 iarrthóir faoi agallamh do Scoláireachtaí Printiseachta in 2002 agus tugadh amach 73 scoláireacht phrintiseachta. Bhí 245 printiseach san iomlán i mbun oiliúna ar scoláireachtaí a ndearna an tÚdarás maoiniú orthu faoi chláir náisiúnta na bprintiseach faoi dheireadh na bliana.

### **Cúrsaí Lánaimseartha**

Eagraíodh cúrsa lánaimseartha closamhairc 10-seachtainí i rith 2002. Chríochnaigh 15 rannpháirtí an cúrsa.

Cuireadh tús le Cúrsa Scileanna Aistriúcháin i gCarna, Co. na Gaillimhe, faoi stiúir Europus Teo., cuideachta ghairmiúil aistriúcháin atá lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Bhí 11 páirteach sa chúrsa agus bhí creidiúint HETAC ag dul leis mar Dhioplóma larchéime sa Ghaeilge Fheidhmeach agus san Aistriúchán.

I Meán Fómhair 2002, thosaigh an dara cúrsa i gCarna, Co. na Gaillimhe, cúrsa ríomhchláraithe agus deartha bogearraí i gcomhar le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.

### **Foghlaim ar feadh do Shaoil**

Cuireadh tús le scéim nua chun cuidiú airgid a thabhairt do

dhaoine ar theastaigh uathu freastal ar chúrsa acadúil creidiúnaithe. Bhí an-tóir ar an scéim seo agus bhain breis agus 150 duine tairbhe as.

### **Scoileanna**

Cuireadh réimse leathan tacaíochta ar fáil do scoileanna iarbhunoideachais trí ghairmthreoir, bréag-agallaimh, bunchúrsaí ríomhaireachta agus scileanna físe. Bhí tóir ar leith ar cheardlann 4-lá i scileanna físe a thug deis do na daltaí físteipeanna dá gcuid féin a dhéanamh agus ghlac 355 dalta as 18 scoil páirt ann in 2002. Ar an iomlán, ghlac breis agus 2,000 dalta as scoileanna Gaeltachta páirt i scéimeanna éagsúla de chuid an Údaráis i rith 2002.

### **Tobar.ie**

Cuireadh maoiniú ar fáil do Mhuintearas, an tionscadal taighde oideachais atá lonnaithe i dTír an Fhia, Conamara, chun forbairt a dhéanamh ar shuíomh idirlín le deis a thabhairt do mhúinteoirí i mbunscoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna acmhainní múinte Gaeilge a bhailiú agus a roinnt. Is é an láithreán gréasáin tobar.ie a bhí mar thoradh ar an tionscnamh. Chomh maith le bheith ina shuíomh chun ábhar a fháil, tá tobar.ie mar phointe cumarsáide do mhúinteoirí agus mar nasc chuig 250 suíomh Gaeilge eile.

### **Ard-Dioplóma i dTeicneolaíocht an Eolais**

Lean an tÚdarás ar aghaidh leis an maoiniú ar an Ard-Dioplóma i dTeicneolaíocht an Eolais atá á reachtáil in Áras Shorcha Ní Ghuairim i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh. Tionscnamh eile é seo chun scileanna a chur ar fáil atá riachtanach do earnáil theicneolaíocht an eolais sa Ghaeltacht.

### **Education and Training**

The activities of the organisation in relation to education and training have evolved and developed over the years. The focus of the Training and Education Division has shifted from in-company training to creating access to training and education opportunities at community level. An tÚdarás is providing support-funding for accredited third-level diploma courses which are viewed as the foundation stone of University education provision in the Gaeltacht.

### **Apprentice Scheme**

A total of 150 applicants were interviewed for Apprentice Scholarships in 2002 and a total of 73 apprentice scholarships were awarded. There was a total of 245 apprentices training on Údarás funded scholarships under the national apprenticeship programme at year end.

### **Full-Time Courses**

A 10-week fulltime audiovisual course was organised during 2002. 15 participants completed the course.

A Translation Skills course commenced in Carna, Co Galway and was delivered by Europus Teo., a professional translation company based in An Cheathrú Rua. The course had 11 participants and has HETAC accreditation as a Post-Graduate Diploma in Applied Irish and Translation.

In conjunction with the National University of Ireland, Galway, a second course in computer programming and software design commenced in September 2002 in Carna, Co. Galway.

### **Lifelong Learning**

A new scheme was introduced to provide financial assistance to people wishing to attend an accredited academic course. This scheme has proved very popular with over 150 people availing of it.

### **Schools**

A wide range of supports were provided to postprimary schools through the provision of careers guidance, mock interviews, courses in basic computer and video skills. A 4-day video skills workshop, which enables pupils to make their own videos, is particularly popular and 355 pupils from 18 schools participated in it in 2002. Overall, in excess of 2,000 pupils from Gaeltacht schools participated in various Údarás na Gaeltachta schemes during 2002.

### **Tobar.ie**

Funding was provided to Muintearas, the educational research project based in Tír an Fhia, Conamara, to develop a website to enable Gaeltacht and Gaelscoileanna primary school teachers to create, collect and share Irish language teaching resources. The website tobar.ie is a result of this initiative. As well as being a site where teachers can access material, tobar.ie serves as a point of communication for teachers and as a link to 250 other Irish language sites.

### **Higher Diploma in Information Technology**

An tÚdarás continued to fund the Higher Diploma in Information Technology which is being held in Áras Shorcha Ní Ghuairim in conjunction with NUIG. This is another initiative to provide the skills necessary for the information technology sector in the Gaeltacht.





**FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA EARNÁLACH:  
MUIRSHAOTHRÚ**

---

**STRATEGIC SECTORAL DEVELOPMENTS:  
MARICULTURE**

### Muirshaothrú

Nuair a chuirtear san áireamh an leagan amach tireolaíochta atá ar an nGaeltacht, is léir go bhfuil an muirshaothrú agus próiseáil éisc fós ar na hearnálacha is straitéise don fhorbairt áitiúil.

In 2002 lean na hearnálacha iasc eiteach agus iasc sliogánach lena n-iarraichtaí i leith daingnithe agus athraithe struchtúr chun déileáil leis an iomaíocht atá ag dul i dtreise ar an margadh domhanda agus chun éifeachtúlacht táirgíochta a bhaint amach lena chinntiú go mbeidh inmharthanacht fhadtréimhseach sa tionscal. Tá cuideachta mhargraithe amháin sa Ghaeltacht, Irish Seafood Producers Group Ltd., a dhíol ar a laghad 75% de na speicis bhradán iomlána a tháirgtear in Éirinn thar cheann a bhall. Fuair siad phraghsanna maithe trí sholáthar leanúnach a chur ar fáil do na custaiméirí agus córas caighdeánach cáilíochta a bheith i bhfeidhm acu. Le cabhair ó Bhord lascaigh Mhara, rinne an cuideachta éagsúlú ar an réimse táirgí atá acu trí tháirgí breisluacha a chur ar fáil do mhargáí nua agus do mhargáí atá acu cheana féin, agus tá breis forbairtí á mbeartú de réir mar a éiríonn an margadh níos sofaisticiúla fós. Tá breis forbartha ar an bhfeirmeoireacht bradán ag brath ar phraghsanna cobhsaí agus ní féidir iad sin a fháil ach amháin le hearraí próiseáilte agus gan a bheith ag brath chomh mór ar mhargáí tráchtearraí.

Fuarthas cead pleanála chun forbairt a dhéanamh ar Pháirc Forbartha Mhuirshaothraithe i gCill Chiaráin, Co. na Gaillimhe chun seirbhís agus tacaíocht a thabhairt don fhairsingiú mór a chosnóidh roinnt mhaith milliún atá beartaithe don fheirmeoireacht éisc sa réigiún. Táthar ag súil go mbeidh an chéad chéim de sholáthar na saoráidí bonneagair críochnaithe faoi 2004.

### Mariculture

Given the maritime geographical distribution of the Gaeltacht, aquaculture and fish processing continues to be one of the most important strategic sectors for local development.

In 2002 the finfish and shellfish sectors continued their efforts on consolidation and structural adjustment to address an increasingly competitive global market and to achieve efficiencies in production to ensure the long term commercial sustainability of the industry. One Gaeltacht based marketing company, Irish Seafood Producers Group Ltd. sold at least 75% of all salmonid species produced in Ireland on behalf of its members, achieving good prices by having a continuity of supply to customers and a standard quality system. The company, with Bord lascaigh Mhara assistance, diversified their product range by producing value-added products for new and existing markets and further developments are anticipated as markets become increasingly sophisticated. The future expansion of salmon farming is dependent on stable prices which can only be achieved by the development of processed products and reducing dependency on commodity markets.

Planning permission was acquired for the development of a Mariculture Development Park in Cill Chiaráin, Co. Galway to service and support a multi-million euro planned expansion of fish farming in the region. The first stage of providing the infrastructural facilities is expected to be completed by 2004. A new dedicated packing and processing plant is being planned for the site and other projects are being investigated.

Tá ionad lántiomnaithe pacála agus próiseála á bheartú don suíomh agus táthar ag fiosrú tionscadal eile.

Tugadh faoi roinnt tionscadal comhoibritheach eile le gníomhaireachtaí agus le forais Stáit eile, go háirithe le Bord lascaigh Mhara, Foras na Mara agus Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Cuireadh tús le hobair fhiosrúcháin faoin bhféidearthacht a bhaineann le feirmeoireacht trosc in Éirinn agus beidh Ollscoil na hÉireann Gaillimh ag cur tús leis na chéad trialacha i dtáirgeadh iasc óg faoi 2004. Bhí an tÚdarás, trina fhochuideachta, Taighde Mara Teo., páirteach i gcomhfhiontair a bhain le táirgeadh cluas mara agus aimsiú teicneolaíochta nua, agus dá thoradh sin beidh éagsúlacht speiceas ar fáil sna blianta atá amach romhainn.

### Táirge Measta 2002

Bradán	12,000 Tona
Oisri	2,400 Tona
Breallach	2 Tona
Muiríní	7 Tona
Diúilicíní	800 Tona
Leathóga	30 Tona
Eile	100 Tona

Further co-operative projects were undertaken with other State agencies and Institutions, Bord lascaigh Mhara, the Marine Institute and the National University of Ireland, Galway, in particular. Investigative work commenced on the feasibility of cod farming in Ireland and the National University of Ireland, Galway will commence the first trials in the production of juveniles by 2004. An tÚdarás, through its subsidiary company, Taighde Mara Teo., participated in joint ventures in abalone production and new technology acquisition which will result in species diversification in the years to come.

### Estimated Harvest 2002

Salmon	12,000 Tonnes
Oysters	2,400 Tonnes
Clams	2 Tonnes
Scallops	7 Tonnes
Mussels	800 Tonnes
Flatfish	30 Tonnes
Other	100 Tonnes



**FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA EARNÁLACH:  
TURASÓIREACHT**

---

**STRATEGIC SECTORAL DEVELOPMENTS:  
TOURISM**

### GaelSaoire

Is é an cur chuige straitéiseach atá ag Údarás na Gaeltachta i dtaca le forbairt na turasóireachta ná tionscnaimh mhargaíochta agus forbartha a chur chun cinn, go háirithe sna réimsí a bhaineann le turasóireacht chultúrtha.

Tá acmhainní airgeadais agus foireann curtha ar fáil don obair sin trí fhochuideachta, Imeachtaí GaelSaoire Teo. Seo iad na príomhaidhmeanna atá ag GaelSaoire:

- Margaíocht a dhéanamh ar thurasóireacht chultúrtha na Gaeltachta chun an Ghaeltacht a chur chun cinn mar ionad turasóireachta ann féin agus breis ioncaim a ghiniúint do sholáthróirí seirbhísí na Gaeltachta agus don phobal i gcoitinne.
- Tacú le forbairtí straitéiseacha agus le himeachtaí cultúrtha turasóireachta sa Ghaeltacht.

Bhí bliain dheacair ag tionscal na turasóireachta anuraidh mar gheall ar na cúinsí domhanda eacnamaíochta. Dá bharr sin, ba iad na ceantair imeallacha ba mhó a bhí thíos leis.

### Aontai Trádála

I rith na bliana d'fhreastail GaelSaoire ar aontai trádála sa Ghearmáin, san Ollainn, sa Bhreatain agus i Meiriceá chomh maith le cinn i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus bhí seastáin eolais acu ag ionaid siopadóireachta sna bailte móra ar fud na hÉireann.

Ghlac ionadaithe de chuid GhaelSaoire páirt i gceardlanna Bhord Fáilte, ag déileáil go díreach le gníomhairí taistil. Eagraíodh feachtas margaíochta ó chósta go cósta i Meiriceá. Mar chuid

den fheachtas sin rinneadh freastal ar aontai trádála i Nua-Eabhrac agus i Chicago agus rinneadh plé le 15 cuideachta turasóireachta a léirigh suim i gcomhoibriú le Gaelsaoire.

### Poiblíocht agus Foilseacháin

Chuir GaelSaoire amach sraith de bhróisiúir ardchaighdeán i rith na bliana agus tá fáil anois ar leabhrán dátheangach ar gach contae Gaeltachta chomh maith leo seo a leanas:

- Bróisiúir ina bhfuil eolas faoi na contaetha Gaeltachta ar fad, dirithe ar an margadh idirnáisiúnta
- Bróisiúir faoi Phacáistí Speisialta Saoire
- Bróisiúir faoi Dhúlra na Gaeltachta
- Leabhrán faoi Lóistín sa Ghaeltacht
- Léarscáil nua den Ghaeltacht
- CD ROM ar a bhfuil mion-eolas faoin nGaeltacht.

Eagraíodh feachtas fógraíochta freisin i bhfoilseacháin ar nós Discover Ireland, Ireland of the Welcomes, The Holiday Magazine, srl.

### Taighde

Don dara bliain as a chéile rinne an tIonad Taighde Turasóireachta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath taighde thar cheann GhaelSaoire faoi thionscal na turasóireachta sa Ghaeltacht. Tugann an taighde seo léargas ar an gcineál gnó atá i gceist, cé as a bhfuil na turasóirí ag teacht agus eolas eile atá tábhachtach do fhorbairt agus do phleanáil straitéiseí turasóireachta sa Ghaeltacht amach anseo.

Léirigh an taighde seo gurb é an margadh baile a chuir ar fáil 50% den mhargadh iomlán sa Ghaeltacht. Dá thoradh sin tá sé i gceist dul i gcomhar le coláistí samhraidh na Gaeltachta agus le

### GaelSaoire

Údarás na Gaeltachta's strategic approach towards tourism development is to promote marketing and development initiatives particularly in the areas of cultural tourism.

Financial resources and staff have been provided for this work through a subsidiary company, Imeachtaí GaelSaoire Teo. The main aims of GaelSaoire are:

- Marketing of the Gaeltacht cultural tourism product in order to promote the Gaeltacht as a tourist destination in its own right and generate more income for Gaeltacht service providers and the community in general.
- Support strategic developments and cultural tourism events in the Gaeltacht.

Last year was a difficult one for the tourist industry in general due to the global economic climate. Consequently the peripheral regions suffered most.

### Trade Fairs

During the year GaelSaoire attended trade fairs in Germany, Holland, Britain and in America as well as Belfast, Dublin and Cork and had information stands at shopping centres in major towns throughout Ireland.

Representatives of GaelSaoire took part in Bord Fáilte workshops, dealing directly with travel agents. A coast to coast marketing campaign was organised in America. As part of this campaign trade fairs in New York and Chicago were attended

and discussions were held with 15 tourism companies who professed an interest in co-operating with GaelSaoire.

### Publicity and Publications

GaelSaoire produced a series of high quality brochures during the year and there is now a bilingual booklet available for each Gaeltacht county as well as the following:

- An A4 brochure covering all the Gaeltacht counties and aimed at the international market
- Brochure of Special Holiday Packages
- Brochure of Gaeltacht Nature
- Booklet of Gaeltacht Accommodation
- New Map of the Gaeltacht
- CD Rom with detailed information on the Gaeltacht.

An advertising campaign was also run in publications such as Discover Ireland, Ireland of the Welcomes, The Holiday Magazine etc.

### Research

For the second year running The Tourism Research Centre in the Dublin Institute of Technology carried out research on behalf of GaelSaoire on the tourist industry in the Gaeltacht. This research gives an insight into the type of business, where the tourists are coming from and other information which is important for the development and planning of future tourism strategies for the Gaeltacht.

This research identified the home market as making up over 50% of the total market in the Gaeltacht. Arising from this it is

grúpaí sainleasa eile chun an leas is fearr a bhaint as pacáistí speisialta a d'fhéadfaí a eagrú le chéile.

Meastar gur fiú €178milliún tionscal na turasóireachta don Ghaeltacht, sin ionann is 2,500 post.

### Féilte na Gaeltachta

Phriontáil GaelSaoire 4,000 cóip den leabhrán "Féilte na Gaeltachta" in 2002. Leabhrán lándaite é seo ina dtugtar mioneolas faoi bhreis agus 130 féile agus dáileadh an leabhrán trí oifigí réigiúnacha Údarás na Gaeltachta, oifigí Bhord Fáilte, ar na haontaí trádála idirnáisiúnta agus náisiúnta, agus bhí sé ar díol sna siopaí áitiúla ar fud na Gaeltachta.

### An Baile Beo

Ba é seo an dara bliain a raibh an comórtas "An Baile Beo" ar siúl. Reachtáiltear an comórtas seo i gcomhar leis na húdaráis áitiúla chun na pobail áitiúla a spreagadh le tuilleadh úsáide a bhaint as comharthaíocht Ghaeilge agus as tionscnaimh Ghaeilge. Ghlac 43 grúpa áitiúil ar fud na Gaeltachta páirt sa chomórtas in 2002. Tugadh amach 26 duais sa chomórtas sa duaischiste de €45,000 atá urraithe ag seacht gcinn de na húdaráis áitiúla a bhfuil freagracht orthu as ceantair Ghaeltachta.

intended to collaborate with the Gaeltacht summer colleges and other specific interest groups to maximise the potential of added value special interest packages.

The tourist industry is estimated to be worth €178 million to the Gaeltacht, or the equivalent of 2,500 jobs.

### Gaeltacht Festivals

GaelSaoire printed 4,000 copies of the "Féilte na Gaeltachta" booklet in 2002. This is a full colour booklet giving details of over 130 Gaeltacht festivals which was distributed through Údarás na Gaeltachta regional offices, Bord Fáilte offices, international and national trade fairs as well as being sold in local Gaeltacht shops.

### An Baile Beo

This was the second year of the "An Baile Beo" (Living Village) competition. This is a competition run in conjunction with local authorities to encourage local communities to increase the usage of Irish-language signage and Irish language initiatives. A total of 43 local groups throughout the Gaeltacht took part in the competition in 2002. 26 prizes were awarded in the competition from a prize fund of €45,000 which is sponsored by the seven local authorities with responsibility for Gaeltacht areas.

### Forbairtí Eile

Seo tionscadail a bhí ag dul ar aghaidh go dtí Céim II den Mhiosúr Turasóireachta atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta faoi dheireadh na bliana:

Ionad Eachtraíochta agus Galfchúrsa,  
Málainn Mhór, Co. Dhún na nGall (2 thionscadal)  
– infheistíocht iomlán de €45.5m.

Gairdíní Theach Bhaile Chonaill,  
An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall - €1.5m.

Forbairt ar Ghalfchúrsa an Chairn,  
Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo - €1.5m.

Ionad Geoltaí in Acaill,  
Co. Mhaigh Eo

Ionad Marcaíochta Capall in Acaill,  
Co. Mhaigh Eo (Céim 1 ceadaithe ag Bord Fáilte)

Ionad Turasóireachta Mara i mBéal an Mhuirthead,  
Co. Mhaigh Eo

Luamhlann ar an bhFód Dubh,  
Co. Mhaigh Eo (Iarratas curtha chuig Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádirtha).

### Other Developments

The following projects were progressing to Step II of the Tourism Measure of the National Development Plan at year end:

Adventure Centre and Golf Course,  
Málainn Mhór, Co. Dhún na nGall (2 projects)  
- total investment €45.5m.

Gairdíní Theach Bhaile Chonaill,  
An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall - €1.5m.

Development of Carne Golf Course,  
Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo - €1.5m.

Yawl Centre in Acaill, Co. Mhaigh Eo

Horse-Riding Centre in Achill,  
Co. Mayo (Step 1 approved by Bord Fáilte)

Marine Tourism Centre in mBéal an Mhuirthead,  
Co. Mhaigh Eo

Marina in Fód Dubh,  
Co. Mhaigh Eo (Application with Department of Communications, Marine and Natural Resources).





**FORBAIRTÍ AR EARNÁLACHA STRAITÉISEACHA:  
AN EARNÁIL CHLOSAMHAIRC/  
TEICNEOLAÍOCHTA NUA**

**STRATEGIC SECTORAL DEVELOPMENTS:  
AUDIO-VISUAL/NEW TECHNOLOGY**

### Closamharc

In 2002 cuireadh fostaíocht ar fáil san earnáil chlosamhairc do 170 fostaí lánaimseartha agus do 150 fostaí páirtaimseartha nó séasúrach. Nuair a chuirtear sin i gcomparáid le figiúirí 2001, bhí laghdú beag ar líon na n-oibríthe lánaimseartha agus méadú suntasach ar líon na bpostanna páirtaimseartha nó séasúracha. Is féidir an t-athrú sin a chur i leith an laghdaithe sa líon clár a ndearna RTÉ agus TG4 araon coimisiúnú orthu in 2002 de bharr ciorruithe buiséad.

Dá thoradh sin ar fad, is léir níos mó ná riamh do na cuideachtaí léiriúcháin atá lonnaithe sna ceantair Ghaeltachta cé chomh tábhachtach is atá sé laghdú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil siad ag brath ar an margadh baile agus dul sa tóir ar dheiseanna domhanda. Tá obair Údarás na Gaeltachta leis an gclár MEDIA mar iarracht chun spreagadh a thabhairt do chomhghuaillíochtaí straitéiseacha do chomhléiriúcháin agus dul isteach i margai nua.

### Nuatheicneolaíocht

Tá forás tagtha ar thionscadail sna ceantair Ghaeltachta a bhaineann úsáid as na teicneolaíochtaí nua le blianta beaga anuas agus in 2002 chuir an earnáil seo fostaíocht leanúnach lánaimseartha ar fáil do 90 fostaí, geall leis, agus cuireadh 40 post páirtaimseartha agus séasúrach ar fáil. Tá an ráta fáis san earnáil seo níos moille ná mar a bhíodas ag súil leis ach d'fhéadfadh bac a bheith ar an bhforbairt de bharr easnamh sa bhonneagar teicniúil.

### Bonneagar Teileachumarsáide a Fhorbairt

In 2002, mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta, d'fhógair an Roinn Fiontar Poiblí Clár Forbartha Bonneagair um

Theileachumarsáid Leathanbhanda chun cáblaí Teileachumarsáide snáthoptacha a chur ar fáil ar fud na tíre. Bhí cuid den chlár sin dírithe ar Chomhlachtaí Poiblí sa chaoi is go bhféadfaidís iarratas a dhéanamh chun gréasáin snáithíneacha a leagan agus iad a lígean ar léas le Soláthróirí Seirbhísí Telecom ar rátaí a bheadh ceadaithe ag an Roinn. Tá maoiniú á dhéanamh ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Achmairní Nadúrtha ar 90% de chostas na n-oibreacha sin.

### Chuir Údarás na Gaeltachta isteach ar mhaoiniú do roinnt tionscnamh faoin gclár seo. Ceadáidh péire acu:

- soláthar cábla snáthoptach ó Leitir Ceanainn go Gaoth Dobhair, i gCo. Dhún na nGall agus é sin a chomhtháthú leis an ngréasán náisiúnta atá curtha ar fáil ag Soláthróirí aitheanta Seirbhíse Telecom agus
- soláthar cábla snáthoptach chuig gach aonad atá ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair.

Ina theannta sin, rinneadh aighneachtaí faoin scéim CLÁR atá ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta do thionscadail den sórt céanna i gcuid de na réigiúin atá ceadaithe ag CLÁR. Ceadáidh maoiniú 50% do dhá thionscadal:

- soláthar cábla snáthoptach chuig gach aonad atá ar Eastát Tionsclaíochta Bhéal an Mhuirthead in Iarthuaisceart Mhaigh Eo
- soláthar cábla snáthoptach chuig gach aonad atá ar Eastát Tionsclaíochta an-Chlocháin Liath i gCo. Dhún na nGall.

### Audio-Visual

In 2002 the audiovisual sector provided employment for over 170 fulltime employees and more than 150 part-time or seasonal employees. When contrasted with the 2001 figures, there was a slight decrease in the fulltime employment but a marked increase in the part-time and seasonal jobs. This shift can be attributed to the reduction in the number of programmes commissioned by both RTÉ and TG4 in 2002 due to budgetary constraints.

In light of the above, production companies located in the Gaeltacht areas realise now more than ever the importance of reducing their dependency on the home market and the necessity of pursuing opportunities globally. Údarás na Gaeltachta's involvement in the MEDIA programme is an attempt to encourage strategic alliances, co-productions and entry into new markets.

### New Technology

Projects exploiting new technologies have evolved in the Gaeltacht areas in recent years and in 2002 this sector sustained up to 90 fulltime employees and up to 40 part-time and seasonal employees. Growth in this sector is slower than anticipated but limitations in technological infrastructure can be a barrier to development.

### Development of Telecommunications Infrastructure

In 2002 under the National Development Plan, the Department of Communications, Marine and Natural Resources announced a Broadband Telecommunications Infrastructure Development

Programme for the provision of fibre optic telecom cables throughout the country. Part of this programme was directed at Public Bodies, whereby they could apply for the laying of fibre networks that would be leased onto Telecom Service Providers at rates that would be approved by the Department. 90% funding towards the cost of these works is being provided by the Department of Communications, Marine and Natural Resources.

### Údarás na Gaeltachta applied for funding under this programme for a number of projects. Two were approved:

- the provision of a fibre optic cable from Letterkenny to Gaoth Dobhair, Co. Donegal to be integrated into a national network that is provided by an approved Telecom Service Provider and
- the provision of fibre optic cable to all of the units on Gaoth Dobhair Business Park.

In addition, submissions were made under the CLÁR Programme of The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs for similar projects in some of the approved CLÁR regions. Two projects were approved for 50% funding:

- the provision of fibre optic cable to all of the units on Béal an Mhuirthead Industrial Estate, in North-West Mayo
- the provision of fibre optic cable to all of the units on An Clochán Liath Industrial Estate in Co. Donegal.



Tá cuid mhór den phleanáil déanta ar na tionscadail sin ar fad. Chun bailchríoch a chur ar an bpleanáil le bonneagar cuimsitheach teileachumarsáide leathanbhanda, bunaithe ar shnáthoptach, a chur ar fáil, tá liosta de na tionscadail forbartha atá le déanamh amach anseo ullmhaithe do na ceantair Ghaeltachta ar fad. Mar chéim eatramhach tá togra á ullmhú faoin scéim CLÁR chun cáblaí snáithineacha a chur ar fáil i gcuid de na hEastaí Thionsclaíocha sna réigiúin atá faoi CLÁR.

#### Seirbhísí e-Pobal

I rith na bliana tugadh cead an straitéis e-pobal a d'aontaigh Údarás na Gaeltachta a chur i bhfeidhm. Cuireadh breis acmhainní ar fáil agus rinneadh aighneacht maoinithe faoi Chiste Shocháil an Eolais.

#### Gcom Teoranta

Bhí cuid mhór den obair a rinne Gcom Teoranta i rith 2002 ag baint leo seo:

- Cúrsaí agus Teistiúcháin ECDL i scoileanna na Gaeltachta
- Cúrsaí agus Teistiúcháin ECDL do bhaill foirne Údarás na Gaeltachta

#### Buntáistí TF/IT sa Ghaeltacht

Ó lár na 1980oidí, tá baint ghníomhach ag Gcom san fhorbairt ar raon leathan de thionscadail phiolótacha bunaithe ar an teicneolaíocht sna ceantair Ghaeltachta, agus fuarthas tacaíocht agus cabhair ó Choimisiún na hEorpa faoi réimse de Chláiracha Taighde & Forbartha.

Chun tacú leis an treoir atá ag an eagraíocht infheistíocht a mhealladh isteach, tá cuidiú tugtha ag Gcom chun bunchloch a chur faoin eolas teicneolaíochta sa phobal, rud atá riachtanach chun deiseanna nua fostaíochta a chur ar fáil don phobal oibre. Chun feabhas a chur ar shaol an phobail i gcoitinne, thug Gcom faoi réimse leathan forbairtí agus gníomhaíochtaí a chuidigh le deireadh a chur leis an mothúchán leithlise i bpobail Ghaeltachta. Tríd na tionscadail phiolótacha a chur i bhfeidhm tá an réigiún tugtha níos gaire do 'lár an aonaigh' trí sheirbhísí a chur ar fáil atá coitianta i bhformhór na gceantar uirbeach.

#### Cúrsaí Oiliúna ECDL agus Scoileanna

Rinneadh dul chun cinn suntasach i soláthar Chúrsaí Oiliúna agus Teistiúcháin ECDL.

- Lean Gcom ar aghaidh ag déanamh comhordaithe ar sholáthar cúrsaí agus ar mheasúnú ECDL do dhaltai Idirbhliana Meánscoileanna sna ceantair Ghaeltachta ar fad thar ceann na Rannóige Oiliúna agus Oideachais.
- Chláirigh 227 duine nua do mheasúnú ECDL i rith 2002 – ina measc, foireann de chuid Údarás na Gaeltachta, múinteoirí iarbhunscóile agus daltaí. Fágann sin go bhfuil 831 duine cláraithe go dtí seo.

Tá teastais ECDL tugtha do 57 ball foirne san iomlán. Tá 16 duine eile ag dul den phróiseas measúnaithe ECDL.

All of these projects are at an advanced planning stage. To complete planning for the provision of a comprehensive fibre optic supported broadband telecommunications infrastructure, a list of future development projects has been prepared for all Gaeltacht regions. As an interim step a proposal is being prepared under the CLÁR programme to provide fibre cables on some of the Industrial Estates in the approved CLÁR regions.

#### e-Community Services

During the course of the year the implementation of the agreed Údarás na Gaeltachta e-pobal strategy was approved. Additional resources were employed and a submission for funding was made under the Information Society Fund.

#### Gcom Teoranta

The work carried out by Gcom Teoranta during 2002 was substantially associated with:

- ECDL Courses and Certification in Gaeltacht Schools
- ECDL Courses and Certification for Údarás na Gaeltachta staff members

#### IT Benefits in the Gaeltacht

Since the mid 1980's Gcom has been actively involved in the development of a wide range of pilot technology supported projects in the Gaeltacht areas with support and assistance from the European Commission under a number of the Research & Development Programmes.

To support the organisation's brief of attracting inward investment, Gcom has helped to create the foundation for a technology-aware community that is necessary to provide new employment opportunities for the working population. To improve overall community life Gcom has looked at a broad range of developments and activities that have gone some way towards removing the sense of isolation in Gaeltacht communities. The implementation of the pilot projects has brought the region closer to the 'centre' by facilitating the provision of services that are taken for granted in most urban centres.

#### ECDL and Schools Training Courses

Significant progress was made in the provision of ECDL Training Courses and Certification.

- Gcom continued to co-ordinate the provision of ECDL courses and assessments to Transition Year Secondary School students in all Gaeltacht areas on behalf of The Training and Education Division.
- 227 new people registered for ECDL assessments during 2002 - these included Údarás na Gaeltachta staff, post-primary school teachers and students. This brings the total number registered to date to 831 persons.

To date a total of 57 staff members have been awarded ECDL certificates. An additional 16 are in the process of ECDL assessments.





**POBAL AGUS CULTÚR**  

---

**COMMUNITY AND CULTURE**

### **Pobal agus Cultúr**

Tá cothú agus neartú na Gaeilge mar theanga bheo i bpobail na Gaeltachta, agus an teanga sin a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile, ina bhunús le polasaí Údarás na Gaeltachta. Tá cothabháil agus forbairt na teanga mar chuid lárnach de ghníomhaíochtaí iomlána na heagraíochta. Mar aitheantas ar an ról bunúsach atá ag an bpobal i gcur chun cinn na haidhme sin, tá a lán de na gníomhaíochtaí ar leith bunaithe ar fhorbairt pobail agus ar ghníomhaíochtaí pobail.

### **Buaiceanna 2002**

#### **Fondúireacht an Údaráis/Úsáid na Gaeilge sna**

**Cuideachtaí** Spreagann an scéim seo na cuideachtaí Gaeltachta le gníomhaíochtaí a thionscnamh sna cuideachtaí féin agus i measc an phobail chun an Ghaeilge a ghríosú agus a chur chun cinn. Bhí combhhuaitheoirí air seo in 2002, Nemeton Teo., cuideachta léiriúcháin teilifíse atá lonnaithe sa Rinn i bPort Láirge, agus Socos Teo., cuideachta soláthairtí oifige atá lonnaithe in Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

#### **Ranganna Gaeilge agus Cúrsaí trí Ghaeilge**

Tá éileamh leanúnach ar ranganna Gaeilge, agus i rith 2002 d'fhreastail breis agus 600 duine ar chúrsaí éagsúla agus ar ghrúpaí comhrá Gaeilge. Tá éileamh ag méadú freisin ar ranganna eile trí mheán na Gaeilge, ranganna do ghléasanna ceoil ach go háirithe.

Eagraíodh scéim phiolótach i meánscoileanna in Iorras, Co. Mhaigh Eo chun cuidiú le daltaí feabhas a chur ar an nGaeilge labhartha. Bhí an scéim seo dírithe go speisialta ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag díriú ar pháirt a ghlacadh i scéimeanna printiseachta an Údaráis.

### **Community and Culture**

The preservation and strengthening of Irish as a living language in the communities of the Gaeltacht and its transmission to the next generation forms the basis of Údarás na Gaeltachta's policy. All of the organisation's activities have at their core a language maintenance and development objective. Recognising the fundamental role played by the community in the furthering of this objective, many of the specific activities are rooted in community development and in community-based activities.

### **2002 Highlights**

#### **Fondúireacht an Údaráis/Use of Irish in Companies**

This scheme encourages Gaeltacht companies to initiate activities both in their companies and communities to encourage and promote the use of Irish. The joint overall winners in 2002 were Nemeton Teo. a television production company located in An Rinn, Co Waterford and to Socos Teo., an office supplies company based in Indreabhán, Co. Galway.

#### **Irish Language Classes & Courses through Irish**

There is a continued demand for language classes and during 2002 more than 600 people attended various language courses and conversation groups. There is also a growing demand for other classes conducted through the medium of Irish, particularly instrumental music classes.

A pilot scheme was organised in secondary schools in Iorras, Co. Mayo to assist pupils to improve their spoken Irish. This scheme was aimed particularly at those who might wish to take part in the Údarás apprenticeship scheme.

### **Naíonraí**

Tá breis agus 1,000 leanbh réamhscoile ag freastal ar bhreis agus 78 naíonra ar fud na Gaeltachta.

#### **Caighdeán sa Luathoideachas**

Faoin tráth seo tá cáilíocht ghairmiúil bainte amach ag breis agus 80% de na stiúrthóirí naíonraí atá sa Ghaeltacht. I rith na bliana bronnadh teastais FETAC (leibhéal 2) ar an gcéad ghrúpa de stiúrthóirí réamhscoile a rinne an cúrsa trí Ghaeilge. Tá 30 stiúrthóir naíonraí i gConamara i mbun staidéir don teastas céanna sa tréimhse 2002/2003.

#### **Scéim Tacaíochta Cúraim Leanaí**

Chun a chinntiú go mbeidh fáil ag pobal oibre na Gaeltachta ar chúram ardchaighdeáin leanaí trí mheán na Gaeilge, tá scéim tacaíochta cúraim leanaí ceadaithe ag an Údarás. Faoin gclár cúig bliana seo tá sé i gceist ag an Údarás éascú a dhéanamh ar fhorbairt 20 ionad seirbhíse cúraim leanaí/teaghligh, geall leis, i gceantair éagsúla Gaeltachta idir seo agus 2006 trí úsáid iomlán a bhaint as an maoiniú atá ar fáil chuige sin tríd An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. In 2002, tugadh cuidiú do 19 ghrúpa pobail chun iarratais a ullmhú le cur chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

#### **Gníomhaíochtaí Óige**

Faoi dheireadh na bliana bhí críoch curtha leis an gclár taighde don óige a ndearna Údarás na Gaeltachta coimisiúnú air i gcomhar le Foras na Gaeilge. Lainseálfar an staidéar in 2003 mar aon le sraith moltaí agus struchtúir chun atheagrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar chlár thacaíochta don óige sa Ghaeltacht.

### **Pre-Schools (Naíonraí)**

There are now over 1,000 pre-school children attending more than 78 naíonraí throughout the Gaeltacht.

#### **Quality in Early Education**

More than 80% of the directors of Gaeltacht pre-school groups (naíonraí) have attained a professional qualification at this stage. During the year the first group of pre-school directors to do the course through Irish were awarded FETAC (level 2) certificates. There are 30 naíonra directors in Connemara studying for the same certificate for the period 2002/2003.

#### **Childcare Support Scheme**

In order to ensure that the Gaeltacht working community has access to quality childcare through the medium of Irish, An tÚdarás has approved a childcare support scheme. Under this five year programme An tÚdarás plans to facilitate the development of up to 20 childcare/family service centres in various Gaeltacht areas between now and 2006 through fully utilising the funding for this purpose available through the Department of Justice, Equality and Law Reform. In 2002, 19 community groups were assisted in the preparation of applications to the Department of Justice, Equality and Law Reform.

#### **Youth Activities**

The youth-based research programme commissioned by Údarás na Gaeltachta in conjunction with Foras na Gaeilge was completed at year end. The study will be launched in 2003 together with a series of proposals and structures for the reorganisation of Gaeltacht youth activities and support programmes.

### Comharchumainn Ghaeltachta

Tá aitheantas tugtha do bhreis agus scór eagraíocht pobail ar fud na Gaeltachta faoi Scéim Dheontas Reachtála na gcomharchumann pobail. Ioctar deontas riaracháin bliantúil le gach comharchumann atá aitheanta chun go mbeidh sé in ann an plean forbartha nó soláthar seirbhísí atá aontaithe a chur i bhfeidhm ina cheantar feidhme. Tá na comharchumainn ina n-éascaitheoirí tábhachtacha don fhorbairt pobail agus bíonn ról lárnach acu, tríd réimse de ghníomhaíochtaí áitiúla, i mbuanú na Gaeilge mar ghnáth-theanga pobail agus oibre.

### Muintearas

Tionscadal oideachais agus oiliúna is ea Muintearas a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do bhunscoileanna agus do phobail Ghaeltachta. Comhpháirtíocht atá ann idir Údarás na Gaeltachta, a chuireann deontas bliantúil riaracháin ar fáil dó, agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta a thugann breis agus 30 múinteoir ar iasacht do Mhuintearas chun seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na scoileanna. Cuireann an tionscadal béim ar leith ar dhaoine óga, ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus ar réimse leathan cúrsaí a thugann deis do bhaill an phobail le forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna pearsanta.

Is é Muintearas a rinne forbairt ar an Scéim Múinteoirí Acmhainne do bhunscoileanna Gaeltachta. Rinne sé forbairt freisin ar an gcéad scéim fónaic Gaeilge agus ar réimse leathan de ábhar curaclaim atá bunaithe ar an chanúnachas chun cuidiú le hobair na múinteoirí ina n-iarrachtaí leis an nGaeilge a bhuanú mar theanga pobail.

Seo a leanas na príomhréimsí oibre a raibh Muintearas páirteach iontu i rith na bliana seo caite: clár fhorbartha do

### Community Co-Operatives

More than twenty local community organisations throughout the Gaeltacht are recognised under the community co-operatives Administration Grant Scheme. An annual administration grant is paid to each recognised co-operative to enable it to implement an agreed development or service-provision plan in its area of operation. The co-operatives are important community development facilitators and play an influential role through their range of local activities in securing Irish as a community and business language.

### Muintearas

Muintearas is an education and training project providing support services to primary schools and to the communities in the Gaeltacht. It is a partnership between Údarás na Gaeltachta, who provide it with an annual administration grant, and the Department of Education and Science which facilitates the secondment of more than 30 teachers to Muintearas to provide support services to schools. The project places particular emphasis on young people, on children with special needs and on a wide range of courses which enable members of the community to develop their personal skills.

The Resource Teaching Scheme for Gaeltacht primary schools was developed by Muintearas. It also developed the first Irish language phonics scheme as well as a wide range of dialect-based curricular material to buttress the work of teachers in securing the future of Irish as a community language.

The following were the main areas of work that Muintearas was involved in during the past year: early childhood development

leanaí óga, an Scéim Múinteoirí Acmhainne, clár forbartha dóibh sin a fhágann an scoil go luath, forbairt ar bhogearraí oideachasúla, taighde gníomhaíochta ar na riachtanais oiliúna atá ag grúpaí áirithe ar leith sa phróiseas forbartha pobail, agus clár oiliúna a raibh teastais ag dul leo i gcomhar le forais tríú leibhéal. Reachtáladh na scéimeanna agus na cláir sin le tacaíocht ó fhoinsí éagsúla maoinithe, ina measc Údarás na Gaeltachta, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, FÁS, Cumas/ADM, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Crannchur Náisiúnta, Aontas na hEorpa, agus An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Bhí 23 duine fostaithe go lánaimseartha ag Muintearas i rith na bliana seo caite agus d'fhreastail thart ar 80 duine ar chúrsaí oiliúna agus ar scéimeanna fostaíochta.

### An Clár Ealaíon

#### Buaiceanna 2002

Leanadh ar aghaidh leis an bpáirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon chun caomhnú agus forbairt a dhéanamh ar na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha.

Tá Éascaitheoir Ealaíon fostaithe i ngach réigiún Gaeltachta chun cuidiú le healaíontóirí agus le grúpaí áitiúla a gcuid tionscadal a thabhairt chun foirfeachta.

Glacadh le 44 iarratas i rith na bliana ó ghrúpaí ealaíontóirí agus ó ghrúpaí ealaíon agus rinneadh maoiniú ar roinnt tionscadal, ina measc an turas a thug an pianódóir cáiliúil, Micheál Ó Ruairc, ar an nGaeltacht agus ar na hOileáin; an taispeántas iontach amharcealaine "Ceilp" i gcomhar le Foinn Chonallacha, agus an ceiliúradh i gceantar Bhreanainn Chontae Chiarraí ar an dán "Bean an Imé" le Brid Ní Mhóráin as Trá Lí.

programmes, the Resource Teaching Scheme, a development programme for early school-leavers, development of educational software, action-based research on the training needs of specific target groups in the community development process, and certificate-based training programmes in conjunction with third-level institutions. These schemes and programmes were run with the support of a variety of funding sources including Údarás na Gaeltachta, the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, FÁS, Cumas/ADM, the Department of Education and Science, The National Lottery, the European Union and the Department of Justice, Equality and Law Reform.

Muintearas employed 23 full-time staff during the past year and approximately 80 people attended training courses and employment-related schemes.

### The Arts Programme

#### 2002 Highlights

The partnership between Údarás na Gaeltachta and The Arts Council for the preservation and development of the traditional and contemporary arts continued.

An Arts Facilitator is employed in each Gaeltacht Region to assist artists and local groups to bring their projects to fruition.

Faoi Scéim na Mórthionscadal cuirtear béim ar leith ar an bhforbairt ar dhisciplíní éagsúla sna hEalaíona. Ina measc sin tá: An Drámaíocht san Oideachas, na hEalaíona mar shaoráid don Aosach, taispeántas mór amharcealaíne Gaeltachta, eolaire de sheirbhísí ealaíon do phobal na Gaeltachta, Scríbhneoireacht Chruthaitheach do Dhaoine Óga, agus na hEalaíona a thagann as traidisiún béil na Gaeltachta.

#### Ar na mórthionscadail ar tugadh fúthu i rith 2002 bhí:

##### Drámaíocht

Grúpa drámaíochta i gConamara is ea "Spiorad", a thug sraith ceardlanna drámaíochta i naoi gcinn de bhunscoileanna i nGaeltacht Chonamara.

##### Ceol

Tugadh cúnaimh chun Brid Ní Mhaoilchiaráin a fhostú mar amhránaí sean-nóis cónaithe faoi choimirce Scoil an Léinn Éireannaigh in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, agus do "Aisling Gheal" atá ag déanamh forbartha ar an traidisiún béil agus ar an amhránaíocht traidisiúnta i Múscraí, Co. Chorcaí.

##### Litríocht

Rinneadh forbairt ar an scríbhneoireacht chruthaitheach do dhaoine óga tríd an scéim Scriob Chleite, atá ag feidhmiú i bhformhór na meánscoileanna Gaeltachta.

Leanadh ar aghaidh le tacaíocht an Údaráis do "Gradam Litríochta Cló Iar-Chonnachta". An phríomhaidhm atá leis seo ná tacaíocht a thabhairt do scríbhneoirí na Gaeilge chun

ardchaighdeán scríbhneoireachta a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfoilseofar saothair as na comórtais.

##### Ealaíona don Aosach

Leanadh ar aghaidh leis an scéim 'Ealaíona don Aosach' i gConamara agus le scéimeanna eile dá leithéid, "Tacaois", i nGaeltacht Múscraí Co. Chorcaí, faoi stiúir an ealaíontóra Bernadette Ní Chotair, agus ceann eile le Táipéis Gael i nGleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall.

Tugadh cabhair freisin do Scoil Cheoil Shliabh Liag i gCo. Dhún na nGall, do Fhéile Iorrais (féile ealaíon pobail) i gCo. Mhaigh Eo, do Árus Éanna (ionad ealaíon) in Inis Oírr i gCo. na Gaillimhe, agus do Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne i gCo. Chorcaí.

Cuireadh tús leis an obair ar láithreán gréasáin do ealaíona na Gaeltachta.

44 applications were accepted during the year from Artists and Arts Groups and a number of projects were funded, among them a tour of the Gaeltacht and the Islands by the internationally renowned pianist Micheál Ó Ruairc; the excellent visual arts display "Ceilp" in conjunction with Foinn Chonallacha and the celebration in the Bréanann area of Co. Kerry of the poem "Bean an Ime" by Brid Ní Mhóráin from Tralee.

Under the Major Projects Scheme special emphasis is laid on the development of various disciplines in the Arts. Among these are: Drama in Education, Arts as a facility for the Elderly, a major Gaeltacht visual arts exhibition, directory of arts services for the Gaeltacht community, Creative Writing for Young People and the Arts arising from the Gaeltacht oral tradition.

#### During 2002 among the major projects undertaken were:

##### Drama

"Spiorad", a drama group in Connemara gave a series of drama workshops in nine primary school in the Connemara Gaeltacht.

##### Music

Assistance was given for the appointment of Brid Ní Mhaoilchiaráin as "sean-nós singer in residence" under the auspices of the School of Irish Studies in National University College, Galway and to "Aisling Gheal" who are developing the oral and singing tradition in Múscraí, Co. Cork.

##### Literature

Creative writing for young people was developed through the scheme Scriob Chleite, operating in most Gaeltacht postprimary schools.

An tÚdarás support for "Gradam Litríochta Cló Iar-Chonnachta" continued. The primary aim of this competition is to assist writers in the Irish language to attain an excellent standard of writing and to ensure that works from the competition are published.

##### Arts for the Elderly

The Arts for the Elderly pilot scheme continued in Connemara and similar schemes, "Tacaois" in the Múscraí, Co. Cork Gaeltacht under the direction of the artist Bernadette Ní Chotair and Táipéis Gael in Gleann Cholmille, Co. Donegal commenced.

Assistance was also given to the Scoil Cheoil Shliabh Liag music school, in Co. Donegal, Féile Iorrais (community arts festival) in Co. Mayo, Árus Éanna (arts centre) in Inis Oírr, Co. Galway and Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne (cultural centre), Co. Cork.

Work commenced on the development of a website for Gaeltacht arts.



**GNÍOMHAÍOCHTAÍ EORPACHA**  

---

**EUROPEAN ACTIVITIES**

### **Tionscadail an AE**

Leanadh ar aghaidh go sásúil le cur i bhfeidhm na dtionscadal a bhfuil maoiniú ón Aontas Eorpach leo.

#### **REACTE**

Méadaíodh an chomhpháirtíocht sa tionscadal REACTE chun go leanfadh sé ar aghaidh faoin gClár INTERREG IIIC. I dtús ama is éard a bhí sa tionscadal seo ná malartú ar thaithe le trí pháirtí thrasnáisiúnta a bhí ainmnithe sa Ghearmáin agus sa tSualainn ar na buntáistí do “SME i Sochaí an Eolais”, agus méadaíodh é seo chun breis páirtithe a thabhairt isteach as An Spáinn, An Ghréig, Sasana, An Phortaingéil agus as an Iodáil. Ullmhíodh aighneacht do bhreis maoinithe faoin gClár INTERREG IIIC i mí Eanáir 2003.

#### **ECITT**

I Márta 2002, críochnaíodh an tionscadal ECITT, a fuair maoiniú ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh faoi Thionscadal SME an Chomhphobail. Is éard a bhí sa tionscadal sin ná measúnú ar 40 SME sa Ghaeltacht i dtaca leis an úsáid agus na riachtanais a bhí acu sa nuatheicneolaíocht. Leanadh é sin le hullmhú pleananna teicneolaíochta mionsonraithe do 20 de na SME. Bainfidh an chuid deiridh den tionscadal le cur i bhfeidhm na bpleananna teicneolaíochta mionsonraithe atá ullmhaithe do 12 de na SME.

### **EU Projects**

The implementation of EU funded projects continued successfully.

#### **REACTE**

Participation in the REACTE project was extended to continue under the INTERREG IIIC Programme. The project, which originally involved the exchange of experience with three nominated transnational partners in Germany and Sweden on the benefits to “SMEs in the Information Society”, was increased to include additional partners in Spain, Greece, England, Portugal and Italy. A submission for additional funding was prepared for submission under the INTERREG IIIC Programme in January 2003.

#### **ECITT**

The ECITT project, which is receiving funding from the EU Commission under the SME Community Initiatives, was completed in March 2002. The project involved the preliminary assessment of 40 SMEs in the Gaeltacht regarding their use of and needs in new technology. This was followed by the preparation of detailed technology plans for 20 of the SMEs. The later stages of the project will involve the implementation of detailed technology plans for 12 of the SMEs.





**EAGRÚCHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ**  
**ORGANISATION AND SERVICES**

### Foireann

Faoi dheireadh 2002 bhí 117 fostaí ag an Údarás. Laistigh de na constaicí a bhaineann le hearcú foirne sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne, rinneadh gach iarracht deiseanna fostaíochta oiriúnacha a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Tá tacaíocht speisialta ar fáil freisin do thionscadail thionsclaíocha a chuireann postanna ar fáil go sonrath do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.

An bhliain seo caite cuireadh críoch le Plean Athnuachana na heagraíochta. Aontaiodh an plean ar bhonn comhpháirtíochta idir an bhainistíocht agus an ceardchumann Amicus a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann, agus tar éis tréimhse fada idirbheartaíochta leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus leis an Roinn Airgeadais.

De thoradh chur i bhfeidhm an Phlean Athnuachana tugadh ar dú céime do 42 ball foirne as folúntais a líonadh ar bhonn comórtais. Líonadh cuid de na folúntais sin sna hoifigi réigiúnacha, rud a neartaíonn, na hacmhainní sna hoifigi réigiúnacha – ceann de phríomhaidhmeanna an phlean.

### Cothromaíocht

Tá Údarás na Gaeltachta tiomanta go hiomlán do pholasai comhionannais deise, agus tá gach post san eagraíocht oscailte do fhir agus do mhná. Tá forbairt déanta ar chlár comhionannais thar na blianta agus dá thoradh sin tá glacadh le comhionannas ar bhunús dearfach san eagraíocht. Mar thoradh ar an gclár sin, tá roinnt scéimeanna á reachtáil ag an Údarás a

### Staff

At the end of 2002 An tÚdarás employed a staff of 117. Within the constraints applying to the recruitment of staff in the Public Service in general, every opportunity is made to make suitable job opportunities available to disabled/handicapped people. Special assistance is also available to industrial projects providing jobs specifically for disabled people. Last year the implementation of the organisation's Renewal Plan was completed. This plan was agreed on a partnership basis between management and the Amicus union which represents staff and after lengthy negotiation with the Departments of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and the Department of Finance.

Arising from the implementation of the Renewal Plan 42 members of staff received promotions as a result of vacancies which were filled on a competitive basis. A number of these vacancies were filled in the regional offices, which lead to the thus strengthening the regional offices, which was a major objective of the plan.

### Equality

Údarás na Gaeltachta is committed to a policy of equal opportunity and all jobs in the organisation are open to men and women. An equality programme has been developed over the years which has generated a positive approach to equality in the organisation. Arising from this programme, An tÚdarás operates a number of schemes which provide staff with options in relation to meeting their career and personal needs, such as job sharing and career breaks and reduced working hours.

thugann roghanna don fhoireann le freastal ar na riachtanais ghairme agus phearsanta atá acu, nithe mar chomhroinnt poist, sosanna gairme agus uaireanta oibre laghdaithe.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Faoi réir An Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, tá ráiteas scríofa sábháilteachta ag Údarás na Gaeltachta agus táthar ag feidhmiú na socruithe cuí go leanúnach chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar fad atá taobh istigh dá oifigí.

Rinne comhairleoir ó NIFAST iniúchadh Sláinte & Sábháilteachta i rith na bliana, cuireadh tuairisc chuimsitheach ar fáil agus cuireadh i bhfeidhm na moltaí a rinneadh. Beidh clár oiliúna Sláinte & Sábháilteachta á ullmhú don fhoireann i rith 2003.

### Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Leanadh ar aghaidh leis an gclár oiliúna agus forbartha foirne in 2002 agus seo a leanas na réimsí a clúdaiodh i rith na bliana:

- Clár Fhorbartha Phearsanta
- Clár Oideachais Bhreise nó cáilíochtaí 3ú leibhéal.
- Cúrsaí sa Nuatheicneolaíocht
- Oiliúint do chinnteoirí agus do dhaoine eile faoi fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise.
- Oiliúint i Sláinte agus Sábháilteacht

### The Safety, Health and Welfare at Work Act, 1989

In accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act, 1989, Údarás na Gaeltachta has a written safety statement and continues to implement appropriate measures to protect the safety and health of all employees and visitors within its offices. A consultant from NIFAST conducted a Health and Safety audit during the year and provided a comprehensive report and recommendations which have been implemented. A Health & Safety training programme will be prepared for staff during 2003.

### Staff Training and Development

The staff training and development programme continued in 2002 and the following areas were covered during the year:

- Personal Development Programmes
- Further Education or 3rd level qualification programme.
- New Technology Courses
- Training for decision-makers and others on the operation of the Freedom of Information Act.
- Training in Health and Safety.
- Irish Language Courses

22 members of staff commenced the Diploma in Irish in conjunction with National University of Ireland, Galway and a further 33 staff members attended Irish language workshops in Head Office.

### The Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001

In accordance with the Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001 members of the Board and all staff holding designated

- Cúrsaí Gaeilge. Chuir 22 ball foirne tús le cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge i gcomhar le hOllscoil na hÉireann Gaillimh, agus d'fhreastail 33 ball foirne eile ar cheardlanna Gaeilge san Ardóifig.

#### **Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001**

De bhun na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001, tá ráitis leasa déanta ag comhaltaí an Bhoird agus ag gach ball foirne atá i bpost ainmnithe, i ndáil le forálacha na nAchtanna.

#### **Ráiteas Straitéise agus Plean Corparáideach**

Foilsíodh "Ráiteas Straitéise Údarás na Gaeltachta, 2002 – 2006" i rith na bliana. Bainfeadh amach cuspóirí an phlean trí aidhmeanna straitéiseacha a leanúint sna réimsí seo a leanas:

- Forbairt Thionsclaíoch
- Forbairt Réigiúnach agus Pobail
- Oiliúint agus Acmhainní Daonna

I rith 2002 freisin, foilsíodh leagan athmheasta den Plean Forbartha Corparáide, bunaithe ar an Ráiteas Straitéise.

#### **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997**

Tháinig Údarás na Gaeltachta faoi thionchar an Achta seo ar an 21ú Eanáir, 2001. Ní mór iarratais ar eolas a dhéantar faoin Acht seo a sheoladh chuig: An tOifigeach Saoráil Faisnéise, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

#### **Cód Cleachtas do Ardchaighdeán Cúraim Chustaiméara**

Faoi cheann de na táscairí feidhmiúcháin sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime leagadh síos go gcaithfeadh an tÚdarás Cód Cleachtas do Archaighdeán Cúraim Chustaiméara a chur ar fáil chomh maith le Nósanna Imeachta chun Déileáil le Gearáin ó Chustaiméirí. Foilsíodh an cháipéis sin i rith 2002 agus tá éifeacht léi ó 2003. Chuige sin, tá cúrsa á chur ar fáil i dtaca le Cúram Custaiméirí do gach ball foirne in 2003.

#### **Polasaithe Nua**

Cuireadh polasaithe nua i dtaca le Gnéaschiapadh agus le Bulaíocht i dtoll a chéile i rith 2002, mar aon le Treoirilinte do Phlé le Comhaltaí an Bhoird.

positions have completed statements of interests in compliance with the provisions of the Acts.

#### **Strategy Statement and Corporate Plan**

The "Údarás na Gaeltachta Strategy Statement, 2002 - 2006" was published during the year. The targets of the plan will be reached by following strategic objectives in the following areas:

- Industrial Development
- Regional and Community Development
- Training and Human Resources

A revised Corporate Development Plan based on the Strategy Statement was also published during 2002.

#### **Freedom of Information Act, 1997**

Údarás na Gaeltachta was brought under this Act on January 21st, 2001. Requests for information under this Act should be


addressed to Freedom of Information Officer, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh.


#### **Code of Practice for Quality Customer Care**

One of the performance indicators under the Programme for Prosperity and Fairness required that a Code of Practice for Quality Customer Care and Procedures for the Handling of Customer Complaints be made available by An tÚdarás. This document was published during 2002 and is in effect from 2003. To this end, a course in Customer Care has been arranged for all staff in 2003.

#### **New Policies**

New policies in relation to Sexual Harassment and Bullying as well as Guidelines for Dealings with Board Members were formulated during 2002.







**RÁITIS BHLIANTÚLA  
AIRGEADAIS 2002**

---


**ANNUAL FINANCIAL  
STATEMENTS 2002**

## Údarás na Gaeltachta Ráiteas ar Dhualgais an Bhoird


De réir Alt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, caithfidh an Bord ráitis airgeadais a réiteach in cibé leagan a aontaíonn an tAire, le comhaontú ón Aire Airgeadais. Agus iad ag réiteach na ráitis seo, caithfidh an Bord:

- polasaithe cuntasaióchta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnótha leantach, ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord air ag feidhmiú.
- neamhchomhlíonadh ábhartha aon chleachtais chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhiniú.

Tá dualgas ar an mBord cuntais chearta a thugann léargas de chruineas réasúnach ar stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go n-aontaíonn na ráitis le Alt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, a choimeád. Tá dualgas ar an mBord chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bharr sin, gach ní atá réasúnta a dhéanamh chun aon chalaíoch nó aon ghnóthaí cama a chosc agus a thabhairt faoi deara.



**Liam Ó Cuinneagáin**  
Cathaoirleach



**Seán Ó Tuairisg**  
Comhalta

## Údarás na Gaeltachta

### Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Údarás na Gaeltachta admháim an fhreagracht atá orainn maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á oibriú agus á chothabháil.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach agus ní cinnteacht iomlán a thabhairt go mbeidh cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbheartaíochtaí údaraithe agus á dtaifeadh go cuí, agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó earráidí ábhair nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Ghlac an Bord céimeanna chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm trí:

- Shainhiniú soiléir a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí bainistíochta;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochtaí a chosaint;
- Chultúr freagrachta a fhorbairt feadh gach leibhéal de chuid na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun priacail ghnó a aithint agus a mheas trí:

- Chinéal, fairsinge agus impleachtaí airgeadais priacail a bhaineann leis an gcomhlacht a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a bhreithnítear a bheidh inghlactha.
- Measúnacht ar dhéanamh ar an dóigh go dtarlóidh na priacail aitheanta
- Obair go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Údarás na Gaeltachta agus go bhfuil tacaíochta ann do straitéisí na nGníomhaireachtaí chun an spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre um bhainistíocht rialta eolais, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséidithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn an Bord Stiúrthóirí;
- Aithbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthóirí ar thuairisci airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí;
- Spriocannaí a leagan amach chun feidhmíochta airgeadais agus eile a thomas;
- Treoirí rialaithe infheistíochta caipitil a bhíonn sainithe go soiléir;
- Disciplíní foirmiúla do bhainistíochta tionscadal.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag Údarás na Gaeltachta a oibríonn de réir Chreat Oibre Chóid Dea-Chleachtais atá leagtha amach i gCód Cleachtais ar Rialáil Státchomhlachtaí. Bíonn tionchar ag anailís an phriacail a nochtar an chomhlacht dó mar bhunús eolais ag an iniúchadh inmheánach agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil bunaithe ar an anailís sin. Formhuíonn an Choiste Iniúchta ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Áirítear sa tuairisc sin tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar éifeachtacht agus ar leordhóthanacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Bíonn obair an Iniúcháir Inmheánaigh, An Coiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair an Iniúcháir Inmheánaigh, bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Údarás na Gaeltachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat oibre rialaithe airgeadais, agus ráitis arna ndéanamh ag an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste litir bhainistíochta, mar bhonn eolais don Bhord agus é ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtachta an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaim go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2002.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird



---

Liam Ó Cuinneagáin  
Cathaoirleach  
Dáta: 30 Bealtaine 2003



# Údarás na Gaeltachta

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 5 go dtí 21 faoi Alt den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979.

### **Freagrachtaí faoi seach an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

Tá freagrachtaí cuntasáíochta an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas ar Dhualgais an Bhoird ar leathnach 1. Is é mo fhreagrachta, bunaithe ar m'iniúchadh, teacht ar bharúil neamhspleách ar na ráitis airgeadais a chuir an tÚdarás i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Athbhreithním cibé an léiríonn an ráiteas ar leathanaigh 2 agus 3 go bhfuil an Údarás ag comhlíonadh treoir infheidhmithe ar rialú corparáideach agus tuairiscim ar aon chás ábhartha nach ndéantar amhlaidh nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó neamhleanúnach le heolas eile is eol dom ó mo chuid iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais.

### **Bunús na Barúla Iniúchta**

I ndéanamh m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, stiúir mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir chaighdeáin iniúcháireachta arna n-eisiúint ag "The Auditing Practises Board" agus trí thagairt do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú.

Áirítear an iniúchadh scrúdú, ar bhonn teiste, ar fhianaise ábharthach do shuimeanna agus d'fhollasú sna ráitis airgeadais. Áirítear air chomh maith measúnú ar mheastacháin shuntasacha agus ar bhreithiúnais a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus an raibh na beartais chuntasáíochta oiriúnach d'imthosca an Údaráis, ar feidhmíodh go comhleanúnach iad agus an ndearnadh follasú sásúil orthu.

Pleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh chun an t-eolas agus na mínithe ar fad a fháil a mheas mé a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dom chun deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas ábhartha cibé calaois nó mírialtacht eile nó earráid is cúis leo. I dteacht ar mo bharúil, rinne mé luacháil chomh maith ar shásúlacht fhoriomlán chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

### **Barúil**

Is é mo bharúil go raibh leabhair chuntais chearta coinnithe ag an Údarás agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí Údarás na Gaeltachta amhail an 31 Nollaig 2002 agus ar a ioncam agus a chaiteachas agus a shreabhadh airgid don bhliain dar chríoch sin.



**John Purcell**

*Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
19 Meitheamh 2003*

## Polasaithe Cuntasaíochta

### An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta ar 1 Eanáir 1980 faoi fhorálacha an Achte um Údarás na Gaeltachta, 1979.

### Seo a leanas na príomhpholasaithe cuntasaíochta atá in úsáid ag an Údarás:

#### (a) Bunús Cuntasaíochta

Ullmháid na ráitis airgeadais seo de réir alt 18 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 faoi mhodh fabhrúithe cuntasaíochta, seachas mar a leirítear thíos, agus de réir príonsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

#### (b) Deontais an Oireachtais, Cisti Struchtúrtha an AE agus Aisiocáid Deontas

Comhairítear na nithe seo ar bhonn fáiltis airgid thirim.

#### (c) Deontais Iníochta

Comhairítear na nithe seo ar bhonn íocaíochtaí airgid thirim.

#### (d) Scéim Aoisliúntais

De réir mir 14 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, tá Scéim Aoisliúntais de Shochair shainithe neamh-chistithe do chomhaltaí foirne ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Sna ráitis airgeadais, áirítear tuarastail mar ghlanmhéid tar éis asbhaintí aoisliúntais. I gcás bhaill den scéim a bhíonn ag feidhmiú taobh amuigh den eagraíocht faightear ranníocaíochtaí na mball agus na bhfostóirí ó na comhlachtaí ina bhfuil siad ag feidhmiú agus áirítear iad mar Ioncam Eile sa Chuntas Oibríoch. Áirítear íocaíochtaí faoin scéim mar Chaiteachas Riaracháin. Níl soláthar déanta sna ráitis airgeadais i leith dliteanais aoisliúntais fhaibhrithe do bhaill na scéime.

#### (e) Sócmhainní Dochta

Úsáidtear formhór sócmhainní na heagraíochta i bhforbairt tionscail. Ní bhreathnaítear orthu mar mhaoin infheistíochta agus áirítear iad sa Chlár Comhardaithe ar bhonn costais lúide dímhéas carnach.

Áirítear mar mhaoin agus áiseanna tionsclaíochta talamh, foirgnimh thionsclaíochta críochnaithe, áiseanna tionsclaíochta, forbairt súimh agus foirgnimh ardoifige.

Áirítear talamh ar bhonn costais.

Léirítear na sócmhainní eile ar bhonn costais lúide dímhéas carnach a áirítear ina ngálaí cothroma bliantúla thar a saolré úsáideach eacnamúil measta.

## Accounting Policies

### Údarás na Gaeltachta Act, 1979

Údarás na Gaeltachta was established on 1 January 1980 under the provisions of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979.

### The significant accounting policies adopted by An tÚdarás are as follows:

#### (a) Basis Of Accounting

These financial statements are prepared in accordance with section 18 of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979 under the accruals method of accounting, except as indicated below, and in accordance with generally accepted accounting principles under the historical cost convention. Financial Reporting Standards as recommended by the recognised accountancy bodies are adopted, as they become operative.

#### (b) Oireachtas Grants, EU Structural Funds and Grant Refunds

These items are accounted for on a cash receipts basis.

#### (c) Grants Payable

Grants are accounted for on a cash payments basis.

#### (d) Superannuation Scheme

In accordance with section 14 of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, a non-funded defined benefits Superannuation Scheme for staff members has been approved by the Minister for Community, Rural and Gaeltacht affairs. In the financial statements, salaries are stated net of superannuation contributions. In the case of members of the scheme who are not employed directly by the organisation, the contributions of the members and their employers are received from the companies in which they are employed and are included in Other Income in the Operating Account. Payments under the scheme are included in Administration Expenditure. Provision has not been made in the financial statements for the actuarial superannuation liability to the members of the scheme.

#### (e) Fixed Assets

The major portion of the organisation's assets are used to aid industrial development. They are not seen as investment assets and they are stated in the balance sheet at cost less accumulated depreciation.

Property and other facilities comprise land, completed industrial properties, industrial facilities, site development and head-office buildings.

Land is stated at cost.

All other assets are stated at cost less accumulated depreciation calculated in equal annual instalments over their estimated useful economic lives.

## Polasaithe Cuntasaíochta (Ar Lean)

San áireamh i gcostas na bhfoirgneamh tá an méid cui do chostas forbartha an tsuimh agus áiseanna eile bonneagair a áirítear i gcostas tógála an fhoirgnimh, chomh maith leis an méid cui d'ímchostais na Rannóige Seirbhísí Innealtóireachta mar atá leagtha amach i Nóta 9.

Is mar seo a leanas atá na rátaí dimheasa :

Foirgnimh	4% p.a.
Áiseanna Tionsclaíoch	3% p.a.
Innealra, Trosacán, agus Trealamh Oifige	10% go 25% p.a.
Feithiclí Mótair	20% p.a.
Innealra agus Trealamh ar Léas	20% p.a.

(nó de réir ráta comhionann leis an ioncam faoin léas má tá sé níos airde)

### (f) Infheistíochtaí

Léirítear infheistíochtaí i scaireanna ar bhonn costais móide agus lúide soláthar d'athluacháil idir costas agus luach bunaithe ar ghlanluach sócmhainní. Tá clár na n-infheistíochtaí leagtha amach i nóta 12 agus sceideal 1 de na ráitis airgeadais seo.

Ní léiríonn na ráitis airgeadais aon chomhdhlúthú ar thorthaí na bhfochuideachtaí nó comhchuideachtaí. Sé

tuairim an Údaráis go gcuirfeadh comhdhlúthú dá leithéid na cuntais as a riocht, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an éagsúlacht a bhaineann le gnóthaí na gcomhlachtaí ina bhfuil infheistíochtaí chomh maith le dualgas ginearálta an Údaráis féin.

### (g) Léasanna

Áirítear na cíosanna ó léasanna oibríochas sna ráitis airgeadais mar a mbíonn siad inioctha.

Comhairítear an glan-ioncam ó shócmhainní atá ar léas ó institiúidí airgeadais, agus a léastar ar aghaidh chuig cliant-chuideachtaí, faoi Ioncaim Eile sa Chuntas Oibríoch ar bhunús faibhrithe.

### (h) Caipiteal

San áireamh sa chuntas caipitil tá ioncam atá feidhmithe i leith chistiú caipitil agus gach brabús, cailteanas agus athluacháil ar idirbhearta sócmhainne agus infheistíochta (Nóta 15).

### (i) Scéimeanna Fostaíochta Pobail

Aithnítear caiteachas ar Scéimeanna Fostaíochta Pobail nuair a tharlaíonn sé, agus faibhrítear an t-ioncam gaolmhar sna ráitis airgeadais.

## Accounting Policies (Continued)

Cost of properties includes an appropriate portion of the site and other infrastructural development costs necessary for the construction of the properties, together with an appropriate portion of the Engineering Services Division overheads as set out in Note 9.

The depreciation rates applied are as follows:

Property	4% p.a.
Industrial Facilities	3% p.a.
Machinery, Office Equipment & Furniture	10% to 25% p.a.
Motor Vehicles	20% p.a.
Leased Machinery & Equipment	20% p.a.

(or at a rate equal to the income under the lease if this is higher)

### (f) Investments

Investments in shares are shown at cost plus and less a provision for the difference between cost and a valuation which is calculated on a net asset basis. Details of the investments are set out in note 12 and schedule 1 of these financial statements.

The financial statements do not reflect a consolidation of the results of subsidiary or associate companies. An tÚdarás is of the opinion that such a consolidation would be misleading having regard to the diverse nature of the business of the companies and to the general duty of the organisation.

### (g) Leases

Rentals under operating leases are dealt with in the financial statements as they fall due.

The net income from assets which are leased from financial institutions and on-leased to client companies is accounted for in Other Income in the Operating Account on the accruals basis.

### (h) Capital

The capital account comprises income applied for capital funding and all gains, losses and revaluations on asset and investment transactions (Note 15).

### (i) Community Employment Schemes

Expenditure on Community Employment Schemes is recognised as it is incurred and the related income is accrued in the financial statements.

## Cuntas Oibríoch

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2002

## Operating Account

for the year ended 31 December, 2002

	Nótaí	2002 €'000	2001 €'000	
<b>Ioncam:</b>				<b>Income:</b>
Deontais ón Oireachtas	1	42,975	41,838	Oireachtas Grants
Fáltais ó Chistí an Aontais Eorpaigh	2	2,693	3,478	Receipts from European Union Funds
Cíosanna ó Léasáil Mhaoine	3	6,374	6,002	Rents from Leased Property
Ioncam ó FÁS	4	5,093	5,178	Income from FÁS
Táillí a Tuilleadh		1,278	1,395	Fees Earned
Ioncam Eile	5	135	337	Other Income
Farasbarr/(Easnamh) ar Dhiol Sócmhainní agus Infheistíochtaí	6	357	(57)	Surplus/(Deficit) on sale of Assets and Investments
Aisíocaíochtaí Deontas		578	177	Grant Repayments
<b>Iomlán Ioncaim</b>		<b>59,483</b>	<b>58,348</b>	<b>Total Income</b>
<b>Caiteachas:</b>				<b>Expenditure:</b>
Deontais a Íocadh	7	17,841	18,891	Grants Paid
Imeachtaí Reatha	8	16,187	14,539	Current Activities
Scéimeanna Fostaíochta Pobail	4	5,093	5,178	Community Employment Schemes
Dímheas don bhliain		7,289	4,883	Depreciation for the year
Coigeartú do sholáthar breise dímheasa ar shócmhainní maoine do thréimhsí suas go 31 Nollaig 2001.	11(b)	37,953	0	Adjustment for increased provision for depreciation of property assets for periods up to 31 December 2001.
<b>Iomlán Caiteachais</b>		<b>84,363</b>	<b>43,491</b>	<b>Total Expenditure</b>
<b>Gluaiseacht Ghlan don Bhliain</b>		<b>(24,880)</b>	<b>14,857</b>	<b>Net Movement for Year</b>
Fuilleach ar 1 Eanáir		707	708	Balance at 1 January
Aistriú ón/chuig an gCuntas Caipitil	15	24,314	(14,858)	Transfer from/to Capital Account
<b>Fuilleach ar 31 Nollaig</b>		<b>141</b>	<b>707</b>	<b>Balance at 31 December</b>

Is i leith gníomhaíochtaí leanúnacha atá na suimeanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas.

Amounts shown under Income and expenditure are in respect of continuing activities.

Níl aon bhrabach ná cailiteanas aitheanta, seachas iad siúd sa Chuntas Oibríoch.

There are no recognised gains or losses other than those dealt with in the Operating Account.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais na Polasaithe Cuntasaíochta, Nótaí 1 go 22 agus Sceideal 1.

The Accounting Policies, Notes 1 to 22 and Schedule 1 form part of the Financial Statements.

Arna shíniú ag: Liam Ó Cuinneagáin

Dáta: 30 Bealtaine 2003

Seán Ó Tuairisg

## Clár Comhardaithe

Ar 31 Nollaig, 2002

## Balance Sheet

At 31 December, 2002

	Nótaí	2002 €'000	2001 €'000	
<b>Sócmhainní Dochta Inláimhsithe:</b>				<b>Tangible Fixed Assets:</b>
Sócmhainní Dochta	11	143,713	162,719	Fixed Assets
<b>Sócmhainní Dochta Airgeadais:</b>				<b>Financial Fixed Assets:</b>
Infheistíochtaí (Sceideal 1)	12	16,233	20,518	Investments ( Schedule 1)
<b>Sócmhainní Dochta Doláimhsithe:</b>				<b>Intangible Fixed Assets:</b>
Ceartha		126	136	Rights
<b>Iomlán Sócmhainní Dochta</b>		<b>160,072</b>	<b>183,373</b>	<b>Total Fixed Assets</b>
<b>Sócmhainní Reatha:</b>				<b>Current Assets:</b>
Féichiúnaithe	13	2,031	4,346	Accounts Receivable
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>3,490</u>	<u>4,354</u>	Cash in bank and on hand
		5,521	8,700	
<b>Dlíteanais Reatha:</b>				<b>Current Liabilities:</b>
Creidiúnaithe	14	(6,717)	(9,034)	Accounts Payable
<b>Sócmhainní Reatha/(Dlíteanais) Glan</b>		<b>(1,196)</b>	<b>(334)</b>	<b>Net Current Assets/(Liabilities)</b>
Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha		158,876	183,039	Total Assets less Current Liabilities
Féichiúnaithe: Méid Infhaighte tar éis Bliana		362	4	Accounts Receivable: Amounts falling due after more than one year
<b>Sócmhainní Glana</b>		<b>159,238</b>	<b>183,043</b>	<b>Net Assets</b>
<b>Maoinithe mar seo a leanas</b>				<b>Financed by</b>
Cuntas Caipitil	15	159,097	182,336	Capital Account
Cuntas Oibríoch		141	707	Operating Account
		<b>159,238</b>	<b>183,043</b>	

Is cuid de na Ráitis Airgeadais na Polasai Cuntasaiochta, Nótaí 1 go 22 agus Sceideal 1.

The Accounting Policies, Notes 1 to 22 and Schedule 1 form part of the Financial Statements.

Arna shíniú ag: Liam Ó Cuinneagáin

Seán Ó Tuairisg

Dáta: 30 Bealtaine 2003

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2002

## Cash Flow Statement

for the year ended 31 December 2002

	Nótaí	2002 €'000	2001 €'000	
<b>Réiteach Gluaiseachtaí Glana le hInnsreabhadh Airgid isteach (amach) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin:</b>				<b>Reconciliation of Net Movements to Net Cash inflow (outflow) from Operating Activities:</b>
<b>Gluaiseacht Ghlan don Bhliain Dímheas don Bhliain</b>		(24,880)	14,857	<b>Net Movement for Year</b>
Sócmhainní Dochta Inláimhsithe		7,280	4,874	<b>Depreciation for the year</b>
Sócmhainní Dochta Doláimhsithe		9	9	Tangible Fixed Assets
Dímheas breise go 31 Nollaig 2001		37,953	0	Intangible Fixed Assets
<b>Caiteachas Caipitlithe</b>		(1,006)	(977)	Additional Depreciation to 31 December 2001
<b>Gluaiseachtaí i gCaipiteal Oibre</b>				<b>Expenditure Capitalised</b>
Laghdu/(Méadú) i bhFéichiúnaithe		2,315	515	<b>Movements in Working Capital</b>
Méadú/(Laghdu) i gCreidiúnaithe		(83)	(518)	Decrease/(Increase) in Accounts Receivable
Laghdu/(Méadú) i bhFéichiúnaithe: méid infhaighte tar éis bliana		(358)	1	Increase/(Decrease) in Accounts Payable
<b>(Farasbarr) / Easnamh ar Dhíol Sócmhainní agus Infheistíochtaí</b>		(357)	57	Decrease/(Increase) in Accounts amounts falling due after more than one year
<b>Insreabhadh Glan Airgid isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>20,873</b>	<b>18,818</b>	<b>(Surplus) / Deficit on Sale of Assets and Investments</b>
				<b>Net Cash Inflow from Operating Activities</b>

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

## CASH FLOW STATEMENT

Insreabhadh Glan Airgid isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		20,873	18,818	Net Cash Inflow from Operating Activities
<b>Caiteachas Caipitil</b>				<b>Capital Expenditure</b>
Ceannacháin Sócmhainní Dochta		(17,886)	(18,768)	Purchase of Fixed Assets
Sócmhainní Dochta aistrithe go/ó Fochuideachtaí		(9,541)	261	Purchase of Fixed Assets transferred to/from subsidiaries
Ceannacháin Infheistíochtaí		(3,424)	(1,959)	Purchase of Investments
Díuscairt Sócmhainní Dochta & Infheistíochtaí		11,347	647	Disposal of Fixed Assets & Investments
<b>Caiteachas Caipitil Glan</b>		<b>(19,504)</b>	<b>(19,819)</b>	<b>Net Capital Expenditure</b>
<b>Bainistiú acmhainní leachtacha</b>		<b>454</b>	<b>377</b>	<b>Management of Liquid Resources</b>
<b>Glan-mhéadú (laghdú) in airgead tirim</b>		<b>1,823</b>	<b>(624)</b>	<b>Net increase (decrease) in cash</b>
